OIFIG AN CHIGIRE PRÍOSÚN
OFFICE OF THE INSPECTOR OF PRISONS

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

# CLÁR AN ÁBHAIR


**RÉAMHRÁ** 4

**GLUAIS** 5

**1 INTREOIR** 6

1.1 Feidhmeanna Oifig an Chigire Príosún 6

1.2 Comhdhéanamh Oifig an Chigire Príosún 7

**2 FORLÉARGAS AR PHRÍOSÚIN 2020** 8

2.1 Daonra na bPríosún 8

2.2 Laghdú i nDaonra na bPríosún 9

**3 GNÍOMHAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE COVID-19** 10

3.1 Cuairteanna Gearra ar Phríosúin 11

3.2 Glaonna Gutháin ar Phríosúin 12

3.3 Cumarsáid le IPS 15

3.4 Tuarascáil maidir le Clutharú i bPríosún 15

**4 FORLÉARGAS AR GHEARÁIN** 21

4.1 Tuairisceáin Mhíosúla maidir le Gearáin ó Phríosúnaigh 21

4.2 Gearáin i gCatagóir A 23

4.3 Staid an Chórais Nua Gearán Príosúnach 28

**5 LITREACHA Ó PHRÍOSÚNAIGH** 29

**6 IMSCRÚDUITHE** 31

6.1 Básanna faoi Choimeád 31

6.2 Imscrúdú faoi Alt 31(2) ar Iarratas ón Aire 32

**7 SEOLADH AN CHREATA CIGIREACHTA DO PHRÍOSÚIN IN ÉIRINN** 33

**8 SCÉIM GHINEARÁLTA DON DRÉACHT-BHILLE UM CHIGIREACHT A DHÉANAMH AR IONAID CHOINNEÁLA** 34

**9 RANNPHÁIRTÍOCHT SHEACHTRACH** 35

9.1 Cuairteanna Ionduchtaithe 35

9.2 Imeachtaí 35

9.3 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara 37

9.4 Foilseacháin 37

**10 FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH** 38

10.1 Faisnéis Airgeadais 38

10.2 Nochtuithe Cosanta 38

10.3 Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí 38

10.4 Rialachas agus Rialuithe Inmheánacha 38
10.5 Saoráil Faisnéise 39

**11 AGUISÍNÍ 40**
11.1 Teimpléad Glaonna 40
11.2 I.R. 250/2020 – Rialacha na bPríosún (Leasú), 2020 44
11.3 Pleananna Gníomhaíochta IPS mar Fhreagra ar Mholtaí ó Thuarascáil Imscrúdaithe maidir le Bás faoi Choimeád, a foilsíodh in 2020 46

# RÉAMHRÁ

A Aire,


Is cúis áthais dom an deichiú Tuarascáil Bhliantúil ón gCigire Príosún ó bunaíodh an Oifig ar bhonn reachtúil in 2007 a chur faoi do bhráid. Tríd an tuarascáil seo, cuirtear tú ar an eolas maidir lenár ngníomhaíochtaí sa bhliain 2020.

Mar thoradh ar mhéadú inár leithdháileadh buiséid don bhliain 2020, bhíomar in ann dul ar aghaidh le baill foirne breise a earcú. Le cúnamh ó oifigigh do Roinnse agus oifigigh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, chuireamar fáilte roimh chomhghleacaithe nua i mí na Samhna agus mí na Nollag agus táimid ag súil le baill foirne breise eile i dtús na bliana 2021.

Le linn na bliana, leanamar dár ngníomhaíochtaí maoirseachta príosúin in ainneoin na ndúshlán a bhí i gceist mar gheall ar an bpaindéim COVID-19. Cuirtear forléargas ar fáil sa tuarascáil seo ar na saincheisteanna barrthábhachtacha a d'aithníomar i gcaitheamh na bliana.

Ar an drochuair, thángamar ar an tuairim arís i mbliana nach bhfuil Córas Gearáin Príosúnach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann oiriúnach don fheidhm. Is é seo an tríú bliain as a chéile a bhfuil aird tarraingthe air seo. Tá córas gearáin éifeachtach ina uirlis bhunriachtanach in armlón na gcosaintí um chearta an duine. Ní mór córas gearáin éifeachtach a thabhairt isteach a aithint mar thosaíocht gnímh.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe san Oifig as a dtacaíocht leanúnach i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh chomh maith le d'oifigigh sa Roinn Dlí agus Cirt as a dtacaíocht a thabhairt don ról bunriachtanach a chuirimid i gcrích.



Patricia Gilheaney
An Cigire Príosún
15 Márta 2021

# GLUAIS

| | |
|---|---|
| Acht | Acht na bPríosún 2007 |
| CCTV | Teilifís Ciorcaid Iata |
| CPT | An Coiste Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna a Chosc |
| DiC | Bás faoi Choimeád |
| DPER | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| HSE | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| ICT | Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide |
| IM&T | Bainistíocht Faisnéise & Teicneolaíochta |
| Cigireacht | Oifig an Chigire Príosún |
| IPS | Seirbhís Phríosúin na hÉireann |
| IPS HQ | Ceanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann |
| Aire | An tAire Dlí agus Cirt |
| NPHET | Foireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí |
| OGP | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| OIP | Oifig an Chigire Príosún |
| PIMS | Córas Bainistíochta Faisnéise Príosúnach |
| PPE | Trealamh Cosanta Pearsanta |
| RTR | Scaoileadh Sealadach In-athbhreithnithe |
| SPG | An Grúpa Straitéise agus Beartais |
| SPT | An Fochoiste um Chéastóireacht a Chosc |
| WHO | An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte |

# 1 INTREOIR

## 1.1 Feidhmeanna Oifig an Chigire Príosún

Bunaíodh Oifig an Chigire Príosún i mí Eanáir 2007 de bhun Alt 30 d'Acht na bPríosún 2007 ("An tAcht"). An tAire Dlí agus Cirt a cheapann an Cigire Príosún chun na feidhmeanna a thugtar di i gCuid 5 den Acht a chomhlíonadh. Is í Patricia Gilheaney an Cigire reatha agus ceapadh í an 7 Bealtaine 2018 ar feadh téarma oifige cúig bliana faoi réir fhorálacha Alt 30 den Acht. Tá an Cigire Príosún neamhspleách agus í i mbun a cuid feidhmeanna.

Is é bunfheidhm aon fhorais cigireachta cigireachtaí a dhéanamh agus is amhlaidh an cás maidir le ról an Chigire Príosún. Le hAlt 31(1) den Acht leagtar oibleagáid ar an gCigire Príosún cigireachtaí rialta a dhéanamh ar phríosúin. Cé nach bhfuil sainmhíniú sa reachtaíocht ar 'cigireachtaí rialta', de réir an chleachtais idirnáisiúnta is iondúil san earnáil seo go ndéantar cigireacht iomlán gach trí bliana.

Le cois cigireachtaí, d'fhéadfadh an tAire Dlí agus Cirt iarraidh ar an gCigire Príosún fiosrúchán a dhéanamh ar aon ghnó a d'éireodh as bainistiú nó feidhmiú príosúin, agus má iarrtar, tá sé d'oibleagáid uirthi an fiosrúchán a dhéanamh. D'fhéadfadh an Cigire fiosrúchán a dhéanamh as a stuaim féin.

Is é seo a leanas ról an Chigire Príosún:

- Cigireacht a dhéanamh ar na 13 phríosún uile in Éirinn ar bhonn rialta (tá ceann amháin dúnta go sealadach ó bhí Bealtaine 2017 ann i gcomhair athfheidhmiú agus athchóiriú);
- Fiosrúcháin a dhéanamh faoi bhás daoine faoi choimeád agus bás aon duine atá ar scaoileadh sealadach a tharlaíonn laistigh de mhí amháin dá scaoileadh saor;
- Fiosrúchán a dhéanamh a iarrann an tAire Dlí agus Cirt ar aon ghnó a d'éireodh as bainistiú nó feidhmiú príosúin;
- Litreacha ó phríosúnaigh a fháil agus iad a fhreagairt de réir Riail 44 de na Rialacha Príosún 2007-2020;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chóras gearáin príosúnach Sheirbhís Príosún na hÉireann agus dul i mbun na bhfeidhmeanna atá sannta de bhun Riail 57B de Rialacha na bPríosún 2007-2020;
- Ní feidhm de chuid an Chigire é gearán príosúnach aonair a fhiosrú nó breith a dhéanamh air, ach féadann sí na cúinsí a bhaineann le gearán príosúnaigh a scrúdú más gá agus í i mbun a cuid feidhmeanna (Alt 31(6) d'Acht na bPríosún 2007).

Níl d'údarás reachtúil ag an gCigire Príosún tuarascálacha cigireachta, tuarascálacha fiosrúcháin ná tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú. Ar aon dul le hAilt 31 nó 32 den Acht, faoi mar is infheidhme, a luaithe agus is praiticiúil i ndiaidh tuarascáil a fháil ón gCigire Príosún, caithfidh an tAire, faoi réir na caveat a leanas, an tuarascáil a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus a fhoilsiú.

Féadann an tAire aon ghnó sa tuarascáil atá le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais a fhágáil ar lár más dóigh leis/léi:

1. D'fhéadfadh a nochtadh dul i bhfeidhm go diúltach ar shlándáil an phríosúin nó an Stáit, nó
2. I ndiaidh dul i gcomhairle le hArd-Rúnaí an Rialtais, dá nochtfaí é

a. nach mbeadh sé chun leasa an phobail, nó
b. go bhféadfadh sé cearta bunreachta duine ar bith a shárú.

Nuair a fhágtar aon ní ar lár ar an gcaoi seo, ní mór a leithéid de ráiteas a cheangal leis an tuarascáil atá i gceist nuair a chuirtear faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais é agus nuair a fhoilsítear é.

## 1.2 Comhdhéanamh Oifig an Chigire Príosún

Bhí cúigear baill foirne, an Cigire Príosún san áireamh, in Oifig an Chigire Príosún ar feadh fhormhór na bliana. I ndeireadh na bliana 2020, méadaíodh an Oifig go dtí ochtar baill foirne, an Cigire Príosún san áireamh (An Príomhchigire). Leagtar amach thíos miondealú ar na baill foirne a raibh ceangal acu leis an Oifig idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2020.

| An 1 Eanáir 2020 | An 31 Nollaig 2020 |
|---|---|
| **An Cigire Príosún**<br>Patricia Gilheaney | **An Príomhchigire Príosún**<br>Patricia Gilheaney |
| **Príomhoifigeach**<br>Helen Casey | **Cigire Sinsearach**<br>Helen Casey |
| **Oifigeach Riaracháin**<br>Fiona Feeney | **Cigire Sinsearach**<br>An Dr Ciara O'Connell (Nollaig 2020) |
| **Ardoifigeach Feidhmiúcháin**<br>Le líonadh ó mhí Mheán Fómhair 2018 | **Cigire**<br>John Byrne (Meán Fómhair 2020) |
| **Oifigeach Feidhmiúcháin (Téarma Seasta)**<br>John Byrne | **Cigire**<br>Fiona O'Dea (Samhain 2020) |
| **Oifigeach Feidhmiúcháin**<br>Ross Donegan | **Anailísí Sonraí**<br>An Dr Douglas Nanka-Bruce (Samhain 2020) |
| **Oifigeach Cléireachais**<br>Le líonadh ó mhí Bealtaine 2019 | **Oifigeach Riaracháin**<br>Fiona Feeney |
| | **Oifigeach Feidhmiúcháin**<br>Ross Donegan |


# 2 FORLÉARGAS AR PHRÍOSÚIN 2020

Cuireadh forléargas cuimsitheach maidir le príosúin in Éirinn ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil Oifig an Chigire Príosún 2019, inar tugadh achoimre ar chúram sláinte, réimeanna teoranta, tionscnaimh cháilíochta, gníomhaíochtaí fiúntacha agus dúshláin oibríochtúla i measc nithe eile i ngach príosún. Sa bhliain 2020, dhírigh an Chigireacht ar thionchar COVID-19 i bpríosúin na hÉireann a thaifeadadh agus a iniúchadh. San Fhorléargas ar Phríosúin 2020 seo, cuirtear faisnéis ar fáil maidir le heastát na bpríosún i gcoitinne, d'fhonn aird a dhíriú ar athruithe sa daonra príosún agus ar na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh COVID-19 in eastát na bpríosún.

## 2.1 Daonra na bPríosún

Sa bhliain 2020, tháinig athrú i ndaonra na bpríosún foriomlán mar thoradh ar iarrachtaí a rinne IPS daonra na bpríosún a laghdú mar bheart chun scaipeadh COVID-19 a chosc. I **bhFíor 1,** taifeadtar daonra na bpríosún de réir mar a bhí sé ar an 1 Eanáir, ar an 12 Márta, ar an 27 Márta (tús na chéad dianghlasála), ar an 13 Aibreán, ar an 29 Meitheamh (deireadh na chéad dianghlasála), ar an 21 Deireadh Fómhair (tús an dara dianghlasáil), ar an 1 Nollaig (deireadh an dara dianghlasáil) agus ar an 31 Nollaig 2020.

**Fíor 1: Líon na nDaoine faoi Choimeád de réir an Phríosúin le linn 2020**




I **bhFíor 1,** léirítear go raibh laghdú beagnach 9% i ndaonra na bpríosún ó 4,214 ar an 12 Márta 2020 go 3,839 ar an 13 Aibreán 2020 laistigh de mhí amháin ó thús na paindéime. I gcaitheamh na bliana, tháinig laghdú iomlán 7.6% i ndaonra na bpríosún in Éirinn, ó 3,950 ar an 1 Eanáir 2020 go 3,650 ar an 31 Nollaig 2020.

I bpríosúin ina soláthraítear cóiríocht do mhná, laghdaíodh an daonra de níos mó ná an ceathrú cuid sa tréimhse tosaigh de na srianta COVID-19; bhí 185 duine in Ionad Dóchas ar an 12 Márta (Príosún na mBan Mhuinseo) agus i sciathán na mban i bPríosún Luimnigh, i gcomparáid le 135 duine ar an 29 Meitheamh 2020. Tháinig méadú ar an líon sin go 146 faoi dheireadh na bliana áfach.

## 2.2 Laghdú i nDaonra na bPríosún

Tá an laghdú i líon na ndaoine faoi choimeád i bpríosúin na hÉireann ina léiriú ar bhearta a rinneadh chun scaipeadh COVID-19 a laghdú. Cuireadh luathscaoileadh agus scaoileadh sealadach i bhfeidhm i ndáil le líon níos mó príosúnach a raibh ‘riosca íseal’ ag baint leo agus a ndearnadh measúnú orthu ar bhonn aonair. Aithníodh dhá spriocghrúpa i leith scaoileadh: (i) príosúnaigh a raibh pianbhreitheanna níos lú ná 12 mhí á gcur isteach acu maidir le cionta neamhfhoréigneacha, agus (ii) príosúnaigh a raibh níos lú ná sé mhí fós le cur isteach acu i ndáil lena bpianbhreith.[1] Cé go bhfáiltíonn an Chigireacht roimh an laghdú foriomlán i ndaonra na bpríosún, níor mhór go mbeadh líon iomlán na ndaoine faoi choimeád faoi bhun 3,000 duine lena chinntiú go mbeadh cillín aonair ag gach príosúnach i bpríosúin na hÉireann; ar beart é trína gcuideofaí le scaipeadh a chosc.[2]

Fógraíodh cur chuige IPS chun COVID-19 a bhainistiú a bheith ina dhea-chleachtas, agus áirítear leis samhail um rianú teagmhálaithe a mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO).[3] Mar thoradh ar iarrachtaí réamhghníomhacha IPS chun scaipeadh COVID-19 a chosc, ní raibh ach fíorbheagán cásanna de COVID-19 i bpríosúin na hÉireann; tá sé seo le moladh.

Mar sin féin, de réir na dtreoirlínte a chuir Fochoiste na Náisiún Aontaithe um Chéasadh a Chosc, An Coiste Eorpach chun Céastóireacht a Chosc, agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte[4] ar fáil, moltar do IPS an riachtanas maidir le daonra na bpríosún a laghdú tuilleadh a bhreithniú mar bheart chun an riosca go scaipfeadh COVID-19 i bPríosúin na hÉireann a laghdú.

---

[1] Tithe an Oireachtais, ‘Príosúnaigh a Scaoileadh’ (23 Meitheamh 2020) <www.oireachtas.ie/en/debates/question/2020-06-23/317/?highlight%5B0%5D=thomas&highlight%5B1%5D=pringle&highlight%5B2%5D=release&highlight%5B3%5D=release>

[2] Tithe an Oireachtais ‘Sonraí maidir le Príosúnaigh’ (20 Bealtaine 2020” https://www.oireachtas.ie/en/debates/question/2020-05-20/491/; IPRT Standard 9 (PIPS, 2019) https://pips.iprt.ie/progress-in-the-penal-system-pips/part-2-measuring-progress-against-the-standards/b-prison-conditions/9-single-cell-accommodation/

[3] Mattea Clarke et al, ‘Establishing Prison-Led Contact Tracing to Prevent Outbreaks of COVID-19 in Prisons in Ireland’ (2020) 42:3 *Journal of Public Health* 519.

[4] SPT 9(2) www.ohchr.org/Documents/HRBodies/OPCAT/AdviceStatePartiesCoronavirusPandemic2020.pdf; CPT (5) https://rm.coe.int/16809cfa4b; WHO https://www.euro.who.int/en/health-topics/health-emergencies/coronavirus-covid-19/publications-and-technical-guidance/vulnerable-populations/prevention-and-control-of-covid-19-in-prisons-and-other-places-of-detention/faq-prevention-and-control-of-covid-19-in-prisons-and-other-places-of-detention#441907

# 3 GNÍOMHAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LE COVID-19

Chruthaigh an phaindéim COVID-19 timpeallacht dhúshlánach chun cigireacht a dhéanamh ar chóireáil agus coinníollacha i bpríosúin. Ar scála domhanda, aithníodh go bhféadfadh príosúin a bheith i gcroílár scaipeadh an víris laistigh agus lasmuigh de bhallaí na bpríosún araon.[5] I bhfianaise na srianta a cuireadh i bhfeidhm i bpríosúin chun scaipeadh COVID-19 a chosc, lena n-áirítear réimeanna teoranta agus teorainneacha ar chuairteoirí chuig príosúin, bhí sé fíorthábhachtach maoirseacht a dhéanamh ar phríosúin le linn na bliana. Bhí an Chigireacht dúthrachtach faoina feidhm mhaoirseachta i gcónaí sa bhliain 2020 in ainneoin na ndúshlán a bhí i gceist mar gheall ar COVID-19.

Is mar seo a leanas a bhí gníomhaíochtaí na Cigireachta maidir le COVID-19 idir mí an Mhárta agus mí na Nollag 2020:

i. Tugadh cuairt ghearr ar gach príosún idir an 26 Márta agus an 5 Bealtaine 2020 agus cuireadh glaonna gutháin ar Ghobharnóirí na bpríosún ina dhiaidh sin idir mí Aibreáin agus mí Iúil 2020 (cuid 3.1 & 3.2)

ii. Rinneadh cumarsáid le IPS ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear tuarascálacha laethúla agus seachtainiúla maidir leis na príosúin ó Ard-Stiúrthóir IPS (cuid 3.3).

iii. Tuarascáil a fhorbairt i gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad maidir leis an tionchar atá ag clutharú ar dhaoine faoi choimeád (cuid 3.4)

[5] *Stuart Kinner,et al. 'Tá Príosúin agus Timpeallachtaí Coimeádta mar chuid de Fhreagra Cuimsitheach a Thabhairt ar COVID-19' (2020) 5 The Lancet e188.

## 3.1 Cuairteanna Gearra ar Phríosúin

Thug an Chigireacht cuairt ghearr ar an 12 phríosún ar fad atá in Éirinn sa chéad mhí de na srianta maidir le COVID-19 (**Tábla 1**). Bhí achair ama éagsúla i gceist leis na cuairteanna seo, ach bhí an rún céanna ag baint leo ar fad chun (i) iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach inar chuir príosúin bearta coisctheacha a bhain go sonrach le COVID-19 i bhfeidhm, agus (ii) an tionchar a bhí ag na bearta sin ar phríosúnaigh a fháil amach.

**Tábla 1. COVID-19 Cuairteanna Gearra ar Phríosúin**

| Dáta | Ionad Coinneála |
|---|---|
| 26/03/2020 | Príosún Pháirc na Cruithneachta |
| 26/03/2020 | Príosún Chnoc na Seamar |
| 27/03/2020 | Príosún an Láir Tíre |
| 01/04/2020 | Príosún Chorcaí |
| 01/04/2020 | Príosún Luimnigh |
| 06/04/2020 | Mainistir Shelton |
| 07/04/2020 | Príosún Phort Laoise |
| 08/04/2020 | Príosún Chnoc an Arbhair |
| 12/04/2020 | Príosún Mhuinseo (Fir) |
| 20/04/2020 | Teach an Locháin |
| 21/04/2020 | Príosún an Chaisleáin Riabhaigh |
| 27/04/2020 | Príosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas |
| 28/04/2020 | |
| 05/05/2020 | |

### Príosún na mBan Mhuinseo – Cuairt Ghearr ar Ionad Dóchas

Le linn na tréimhse a raibh cuairteanna gearra á gcur i gcrích, bhí an céatadán ab airde daoine faoi choimeád a bhí ag clutharú nó ar leithlis le fáil i bPríosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas. Murab ionann agus príosúin eile ar thug an Chigireacht cuairt orthu, bhí cás Phríosún na mBan Mhuinseo ina chás ar leith, agus breis is 50% de dhaoine faoi choimeád ag clutharú nó ar leithlis, agus dá bharr sin, bhí tuilleadh iniúchta ag teastáil. Thug an Chigireacht Cuairt um Monatóireacht agus Maoirseacht ar Phríosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas, agus caitheadh trí lá san Ionad i mí Aibreáin agus mí Bealtaine 2020. Cuireadh an Tuairisc Chigireachta maidir leis an gCuairt um Monatóireacht agus Maoirseacht trí lá ar Phríosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i mí Lúnasa 2020.

**Tábla 2. Líon na bPríosúnach ag Cocúnú i bPríosún na mBan Mhuinseo**

| Dáta | Clutharú (Riail 63) | Leithlisiú (Riail 103) | Daonra Iomlán | Céatadán den Daonra ag Clutharú/ ar Leithlis |
|---|---|---|---|---|
| Aibreán 27 | 51 | 13 | 117 | 54.7% |
| Aibreán 28 | 51 | 9 | 113 | 53% |
| Bealtaine 5 | 52 | 9 | 109 | 56% |

## 3.2 Glaonna Gutháin ar Phríosúin

Mar chomhlánú ar na Cuairteanna Gearra a cuireadh i gcrích i ngach príosún, chuir an Chigireacht tús le glaonna leantacha a chur ar phríosúin idir an 8 Aibreán agus an 21 Iúil 2020. Is é an aidhm a bhí leis na glaonna cuntas a fháil maidir le daoine a bheith ar réimeanna teoranta i ndáil le COVID-19 (Riail 63 agus Riail 103). (Féach an Teimpléad do Ghlaonna in Aguisín 11.1) I **dTábla 3,** luaitear líon na nglaonna a cuireadh ar gach príosún.

**Tábla 3: Glaonna a cuireadh ar phríosúin maidir le COVID-19**

| Príosúin | Glaonna |
|---|---|
| Cnoc an Arbhair (8) | 8 Aibreán, 20 Aibreán, 6 Bealtaine, 22 Bealtaine, 2 Meitheamh, 12 Meitheamh, 24 Meitheamh, 2 Iúil |
| Príosún an Chaisleáin Riabhaigh (6) | 17 Aibreán, 5 Bealtaine, 22 Bealtaine, 9 Meitheamh, 23 Meitheamh, 7 Iúil. |
| Príosún Chnoc na Seamar (9) | 9 Aibreán, 24 Aibreán, 14 Bealtaine, 20 Bealtaine, 2 Meitheamh, 17 Meitheamh, 24 Meitheamh, 9 Iúil, 21 Iúil |
| Príosún Chorcaí (9) | 8 Aibreán, 20 Aibreán, 13 Bealtaine, 20 Bealtaine, 28 Bealtaine, 12 Meitheamh, 17 Meitheamh, 24 Meitheamh, 2 Iúil |
| Príosún Luimnigh (6) | 15 Aibreán, 5 Bealtaine, 22 Bealtaine, 9 Meitheamh, 23 Meitheamh, 8 Iúil |
| Teach an Locháin (5) | 8 Aibreán, 8 Bealtaine, 28 Bealtaine, 24 Meitheamh, 17 Iúil |
| Príosún an Láir Tíre (6) | 20 Aibreán, 5 Bealtaine, 22 Bealtaine, 9 Meitheamh, 23 Meitheamh, 7 Iúil |
| Príosún Mhuinseo (Fir) (8) | 8 Aibreán, 22 Aibreán, 1 Bealtaine, 13 Bealtaine, 28 Bealtaine, 12 Meitheamh, 24 Meitheamh, 2 Iúil |
| Príosún Mhuinseo (Mná) (8)<br>(Ionad Dóchas) | 8 Aibreán, 13 Bealtaine, 22 Bealtaine, 28 Bealtaine, 12 Meitheamh, 17 Meitheamh, 24 Meitheamh, 2 Iúil |
| Príosún Phort Laoise (6) | 15 Aibreán, 6 Bealtaine, 22 Bealtaine, 9 Meitheamh, 23 Meitheamh, 7 Iúil |
| Mainistir Shelton (6) | 17 Aibreán, 6 Bealtaine, 22 Bealtaine, 9 Meitheamh, 23 Meitheamh ,7 Iúil |
| Príosún Pháirc na Cruithneachta (6) | 20 Aibreán, 6 Bealtaine, 22 Bealtaine, 9 Meitheamh, 23 Meitheamh, 8 Iúil |

Bunaithe ar na glaonna a cuireadh ar phríosúin le linn na tréimhse ó mhí Aibreán go mí Iúil, thug an Chigireacht an méid seo a leanas ar aird:

### 3.2.1 Tionscnaimh Dhearfacha

- Cuairteanna teaghlaigh trí Nasc Físe tugtha isteach ar fud eastát na bpríosún; Náisiúnaigh choigríche in ann a dteaghlach a fheiceáil ina dtír baile;
- Cainéal teilifíse inmheánach á úsáid ag múinteoirí chun oideachas leanúnach a chur ar fáil do dhaoine a d'fhreastail ar scoil agus ar sheisiúin aireachais;
- Guthán curtha ar fáil sa chillín do phríosúnaigh chun glao ar sheirbhísí tacaíochta ar nós Samaritans agus an séiplíneach;
- Socruithe nua tugtha isteach trína bhféadfadh an teaghlach airgead a lóisteáil i gcuntas príosúnaigh tríd An Post;
- Rinneadh éascaíocht ar agallaimh ag príosúnaigh leis an mBord Parúil trí bhíthin nasc gutháin físe;

- Láithris Chúirte trí nasc Físe méadaithe;
- Netflix leata amach;
- Seirbhísí tacaíochta curtha ar fáil do phríosúnaigh aosta breoite i ndiaidh iad a scaoileadh as príosún;
- Baill foirne breise ar fáil i bpríosúin mar gheall ar thionlacain Chúirte teoranta a bheith i gceist;
- Rinne IPS socruithe chun príosúnaigh faoi choimeád, ar thionlaic An Garda Síochána iad roimh an bpaindéim, a thionlacan chun na Cúirte, agus trí sin a dhéanamh, srian a chur lena dteagmhálacha agus an riachtanas a sheachaint go mbeadh orthu dul trí choraintín 14 lá eile.

### 3.2.2 Cúiseanna imní/Saincheisteanna

- Ní raibh cithfholcadán ar fáil i roinnt cillíní coraintín agus/nó leithlisithe. Ní raibh teacht ag príosúnaigh sna príosúin sin ar chithfholcadán le linn na tréimhse a chaith siad i gcoraintín, a raibh 14 lá ag baint leis in go leor cásanna. Cuireadh spúinse agus báisín ar fáil do phríosúnaigh chun cothabháil a dhéanamh ar a sláinteachas pearsanta;
- Rinneadh príosúnaigh ar thionlaic An Garda Síochána iad ó choinneáil faoi bharántas lena gceistiú faoi Alt 42 den Acht um Cheartas Coiriúil 1999 a chur i gcoraintín ar feadh 14 lá i ndiaidh dóibh filleadh;
- Bhí go leor deacrachtaí teicniúla leanúnacha ag baint le glaonna teaghlaigh Nasc Físe ar nós, gan teagmháil a dhéanamh leis an duine muinteartha, glaonna a bheith á gcailleadh, easpa láithreacha chun nasc físe a dhéanamh agus deacrachtaí maidir le sliotán ama a fháil;
- Ní raibh aon fhoráil i gceist le go bhféadfadh príosúnaigh athsholáthar éadaí a fháil óna dteaghlach nuair a cuireadh cuairteanna ar ceal;
- Gan aon am, nó am teoranta lasmuigh den chillín a bheith ag daoine i gcoraintín nó daoine atá á gcoinneáil ar leithlis;
- Teagmháil srianta nó gan aon teagmháil fiúntach daonna a bheith ag daoine i gcoraintín nó daoine atá á gcoinneáil ar leithlis;
- Scoil curtha ar ceal seachas i gcás na hollscoile oscailte;
- Dúnadh ceardlanna; agus
- Srian curtha le ham sa chlós.

### 3.2.3 Réimeanna Teoranta a bhaineann le COVID-19

I gcomhréir le hAirteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ba é aidhm Rialtas na hÉireann le linn na paindéime beatha daoine a chosaint. Mar chuid dá fhreagra ar an ráig de COVID-19, thug an Rialtas líon srianta isteach maidir le gluaiseacht agus caidreamh a d'imir tionchar ar gach earnáil den phobal.

Mar chuid dá hiarrachtaí scaipeadh COVID-19 a chosc i bpríosúin, thug IPS líon bearta isteach trínar cuireadh srian le réim laethúil na bpríosúnach. Maidir leo sin sa daonra i gcoitinne, cuireadh srian nó cuireadh deireadh le gníomhaíochtaí fiúntacha ar nós scoil, oiliúint agus obair. Chomh maith leis sin, cuireadh deireadh le cuairteanna teaghlaigh i bpearsa agus laghdaíodh an t-am a chaití lasmuigh de na cillíní. Chomh maith leis sin, thug IPS bearta an-sriantach isteach a raibh sé i gceist leo scaipeadh COVID-19 a chosc, bearta ar nós: (i) Clutharú, (ii) Coraintín agus (iii) Leithlisiú.

Den chuid is mó, rinne daoine clutharú ag luathchéimeanna na paindéime mar gheall ar aostacht (70≤), agus/nó mar gheall ar fhadhbanna sláinte ainsealacha neamhsheasmhacha (féach cuid 3.4 chun tuilleadh eolais a fháil maidir le daoine ag clutharú i bpríosún).

Áiríodh leo sin a cuireadh i gCoraintín:

- Gach Cmiú i bpríosún;
- Príosúnaigh a d'fhill ón gCúirt;

- Príosúnaigh ar chuir An Garda Síochána ar ais faoi choimeád iad i ndiaidh agallaimh ag Stáisiún Garda faoi bharántas Alt 42

Cuireadh daoine aonair i gcoraintín ar feadh 14 lá i ndiaidh iad a chimiú. B'ionann an t-am a chaith siad lasmuigh dá gcillín agus uair amháin gach lá. Tugadh cead do phríosúnach amháin aclaíocht a dhéanamh ina aonar/haonar don 14 lá gan aon deis a fháil ar theagmháil fiúntach daonna. I gcás inar cuireadh beirt nó níos mó i bpríosún ar an lá céanna, tugadh cead don ghrúpa aclaíocht a dhéanamh in éineacht lena chéile ar feadh tréimhse an choraintín. B'amhlaidh an scéal nach mór i gcás daoine a bhí i láthair sa Chúirt nó daoine a chaith tréimhsí eile ar scaoileadh sealadach. Cuireadh béilí ar fáil do dhaoine sna cillíní ar bhonn laethúil.

Áiríodh leo sin a cuireadh ar leithlis:

- Príosúnaigh a raibh tástáil dhearfach acu don víreas COVID-19;
- Daoine a raibh comharthaí an víris COVID-19 le brath orthu – le linn dóibh fanacht ar thoradh na tástála;
- Dlúth-theagmhálaí duine le COVID-19 – le linn dóibh fanacht ar thorthaí na tástála.

Cé go n-aithnítear go ndearna IPS bearta, ar nós clutharú, coraintín agus leithlisiú, a tugadh isteach chun scaipeadh an víris a chosc agus beatha a chosaint, tá sé de thuairim ag an gCigireacht go raibh tionchar díréireach ag roinnt de na bearta ar phríosúnaigh. Ba i ngaibhniú aonair a coinníodh na príosúnaigh ar cuireadh coraintín agus leithlisiú i bhfeidhm orthu, toisc go raibh níos lú ná dhá uair acu lasmuigh den chillín in aghaidh an lae, ní raibh teacht acu ar oideachas, obair ná oiliúint, agus ní raibh teagmháil fhiúntach daonna acu. Léiríodh i dtaighde go bhféadfaí tionchar dochrach a imirt ar shláinte intinne agus shóisialta mar gheall ar ghaibhniú aonair.[6] Tá an Chigireacht den tuairim, i gcomhréir le moltaí a rinne an Coiste Eorpach um Cheastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc (CPT), go bhfuil údarú breise ag teastáil i leith aon srian sa bhreis air sin a chuireann Cúirt i bhfeidhm.[7] Is é sin, nach mór go mbeadh aon srianta breise a chuirtear i bhfeidhm ar phríosúnaigh:

- Comhréireach
- Dleathach
- Cuntasach
- Riachtanach, agus
- Neamh-idirdhealaitheach

Agus srianta coisctheacha á gcur i bhfeidhm agus oibleagáidí maidir le cearta daonna á ndearbhú; tá sé ríthábhachtach go dtabharfadh IPS údar leis na céimeanna atá glactha chun scaipeadh COVID -19 a chosc, i gcomhréir leis an tástáil PLANN.

I mí Iúil 2020, leasaíodh Rialacha na bPríosún le I.R. 250/2020 chun Rialacha nua 32A agus 36A a chur isteach (Aguisín 11.2). Leasaíodh na Rialacha seo d'fhonn scaipeadh galair thógálacha a chosc. I Riail 32A, déantar foráil don Ghobharnóir, ar ordú a fháil ón Ard-Stiúrthóir, an teidlíocht ar aclaíocht áineasa, aclaíocht nó oiliúint faoi Riail 32 a chur ar fionraí, nó an teidlíocht ar aclaíocht áineasa, aclaíocht nó oiliúint a shrianadh nó a mhionathrú i dtaca le minicíocht, fad agus socrú, ar feadh tréimhse sonraithe. Baineann Riail 36A le cuairteanna chuig príosúnaigh agus déantar foráil inti don Ard-Stiúrthóir an Gobharnóir a ordú an teidlíocht ar chuairteanna faoi Riail 35 a chur ar fionraí, nó an teidlíocht ar chuairteanna a shrianadh nó a mhionathrú i dtaca le minicíocht, fad agus socruithe, go

[6] Thomas Hewson, et al, 'Éifeachtaí na Paindéime COVID-19 ar Shláinte Intinne Príosúnach' (2020) 7 The Lancet 568.
[7] CPT/Inf(2011)28-part2

háirithe maidir le líon agus aois na gcuairteoirí dá dtugtar cead cuairteanna a thabhairt ar feadh tréimhse nó tréimhsí sonraithe.

Tá imní ar an gCigireacht nach ndearnadh aon fhoráil i Riail 32A ná 36A lena chur in iúl nach mór na bearta sriantacha atá á gcur i bhfeidhm a mheasúnú sula gcuirtear i bhfeidhm iad lena chinntiú go bhfuil an beart/na bearta comhréireach, dleathach, cuntasach, riachtanach agus neamh-idirdhealaitheach. Chomh maith leis sin, tá imní ar an gcigireacht faoi chomh débhríoch is atá na Rialacha, go háirithe sa chaoi nach sonraítear clásal éagtha iontu.

## 3.3 Cumarsáid le IPS

Le teacht COVID-19, chuir Ceanncheathrú IPS nuashonruithe ar fáil don Chigireacht maidir le cúrsaí a bhí ag teacht chun cinn ar fud eastát na bpríosún. Áiríodh leis an gcumarsáid glaonna gutháin le hArd-Stiúrthóir IPS gach coicís, gach nuachtlitir a dháileadh ar na baill foirne agus príosúnaigh ar fad agus figiúirí laethúla maidir le scaipeadh COVID-19 a chur ar fáil. Chomhroinn IPS 25 nuachtlitir do phríosúnaigh agus 13 nuachtlitir do bhaill foirne leis an gCigireacht idir Márta agus Nollaig 2020. Fáiltíonn an Chigireacht roimh an gcumarsáid leanúnach agus tábhachtach seo le IPS.

## 3.4 Tuarascáil maidir le Clutharú i bPríosún

I gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad, thug an Chigireacht faoi thionscadal chun foghlaim faoin eispéireas a bhaineann le clutharú ó dhaoine a bhí ag clutharú agus iad faoi choimeád. Ba iad an dá aidhm a bhí leis an tionscadal ná (i) a fháil amach faoin mbealach is fearr tacú leis na daoine sin, agus (ii) an dochar a d’fhéadfaí a dhéanamh dóibh mar thoradh ar na bearta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic le COVID-19 a íoslaghdú. Cuireadh an tionscadal i bhfeidhm i seacht bpríosún agus cuireadh tús leis i mí Aibreáin 2020. Leagadh amach é chun eispéireas daoine a fháil ó dhá chohórt a bhí ag clutharú: (i) iad sin a bhí ag clutharú mar gheall ar aostacht, agus (ii) iad sin a bhí ag clutharú mar gheall ar fhadhbanna sláinte ainsealacha neamhsheasmhacha. Dháil oibrithe deonacha ón gCros Dhearg 86 dialann (bhí 96 duine ag clutharú ar fud aon phríosún déag ag an am) ar fhir agus mná araon a bhí faoi choimeád. Iarradh ar rannpháirtithe a n-eispéireas a roinnt maidir le clutharú i bpríosún trí úsáid a bhaint as na dialanna. I dtús mhí Bealtaine, bailíodh 72 dialann, ar scríobhadh nó ar tarraingíodh i 49 cinn díobh.

Trí anailís a dhéanamh ar na dialanna, tháinig téamaí agus moltaí barrthábhachtacha chun cinn, a dtugtar achoimre orthu thíos i **dTábla 4**, agus atá ar fáil ina n-iomláine sa tuarascáil *An Tionchar atá ag Clutharú ar Dhaoine faoi Choimeád a Fheabhsú - Faisnéisiú*[8]. Chuir IPS nuashonrú ar fáil don Chigireacht maidir le stádas na moltaí ar an 28 Eanáir 2021 agus cuirtear an fhaisnéis sin san áireamh freisin i **dTábla** 4.

[8] Oifig an Chigire Príosún agus Ollscoil Mhá Nuad, *An Tionchar atá ag Clutharú ar Dhaoine faoi Choimeád a Fheabhsú - Faisnéisiú* (20 Iúil 2020) https://www.oip.ie/wp-content/uploads/2020/07/Ameliorating-the-impact-of-cocooning-on-people-in-custody-a-briefing.pdf

**Tábla 4: Ag Clutharú faoi Choimeád: Téamaí agus Moltaí**

| **Téama Barrthábhachtach 1: Bia**<br>*(soláthar, cur i láthair agus ábhar bia)* | |
|---|---|
| **Moladh** | **IPS – Stádas an Mholta ar an 28 Eanáir 2021** |
| • Gealltanas a thabhairt i leith comhairliúchán níos fearr le daoine atá faoi réir bearta sláinte poiblí nó réimeanna teoranta maidir lena mbia. | Níl aon socruithe ar leith i gceist a thuilleadh maidir le príosúnaigh atá ag clutharú, i gcomhréir leis na treoirlínte sláinte poiblí sa phobal. |
| • D'fhéadfaí múnlaí a úsáidtear in ospidéil maidir leis an rogha bia, mar aon leis an bhféidearthacht go mbaileodh daoine a gcuid bia féin ag am ar leith den daonra i gcoitinne, a chur san áireamh. | Níl aon socruithe ar leith i gceist a thuilleadh maidir le príosúnaigh atá ag clutharú, i gcomhréir leis na treoirlínte sláinte poiblí sa phobal. |
| **Téama Barrthábhachtach 2: Am sa Chlós**<br>*(am a chaitear lasmuigh i mbun aclaíochta, aer úr, caidreamh sóisialta)* | |
| **Moladh** | **IPS - Stádas an Mholta ar an 28 Eanáir 2021** |
| • Amchláir a chur in oiriúint d'fhonn tréimhsí sa chlós a mhéadú, ar nós daoine atá ag clutharú a ligean amach sa chlós sula dtugann daoine faoi ghníomhaíochtaí. | Níl aon socruithe ar leith i gceist a thuilleadh maidir le príosúnaigh atá ag clutharú, i gcomhréir leis na treoirlínte sláinte poiblí sa phobal. |
| **Téama Barrthábhachtach 3: Caidreamh Sóisialta / Caidreamh idir Baill Foirne agus Príosúnaigh**<br>*(easpa caidrimh shóisialta, an tábhacht a bhaineann le caidreamh dearfach)* | |
| **Moladh** | **IPS - Stádas an Mholta ar an 28 Eanáir 2021** |
| • De réir mar a laghdaítear srianta, d'fhéadfadh sé a bheith indéanta 'meithleacha' de phríosúnaigh leochaileacha, nó dorchlaí/bolgáin clutharaithe a chruthú ina bhféadfadh daoine bogadh timpeall ar bhealach níos fusa laistigh de na criosanna sin, agus é a dhéanamh i gcomhairle le daoine faoi choimeád. | Níl aon socruithe ar leith i gceist a thuilleadh maidir le príosúnaigh atá ag clutharú, i gcomhréir leis na treoirlínte sláinte poiblí sa phobal. Mar sin féin, i gcás go mbeadh ráig de COVID-19 i bpríosún, cruthófar meithleacha príosúnach atá chomh beag agus is indéanta ó thaobh oibríochta de. |
| • Líon níos mó glaonna gutháin, físghlaonna a fhorbairt, gutháin a chur ar fáil laistigh de chillíní agus an postas a bhailiú go tráthúil. | Tá socruithe i ndáil le físghlaonna i bhfeidhm anois i ngach príosún.<br>Cuireadh glaonna gutháin bhreise ar fáil nuair a cuireadh cuairteanna i bpearsa ar ceal.<br>Is féidir le príosúnaigh atá gaibhnithe i gcillín mar gheall ar choraintín nó leithlisiú iarraidh ar theacht a bheith acu ar líne ghutháin d'fhonn glaonna a chur. |
| • Rochtain ar línte díreacha ar chomhairleoireacht andúile, ar thacaíocht um scaoileadh, ar an tséiplíneacht agus ar shíceolaíocht a chur ar fáil i gcónaí agus a mhéadú. | Níl príosúnaigh chlutharaithe gaibhnithe i gcillín a thuilleadh agus is féidir leo teacht ar sheirbhísí mar aon le daonra na bpríosún i gcoitinne.<br>Is féidir le príosúnaigh atá gaibhnithe i gcillín mar gheall ar choraintín teacht a bheith acu ar líne ghutháin a iarraidh chun glaonna a chur ar Shéiplíneacht agus Síceolaíocht laistigh den phríosún agus glaonna a chur ar línte cabhrach náisiúnta, lena n-áirítear seirbhísí um Chomhairleoireacht Drugaí. |

| | |
|---|---|
| • Caidreamh dearfach a fhorbairt idir baill foirne agus príosúnaigh a spreagadh a mhéid agus is féidir. | Níl príosúnaigh chlutharaithe gaibhnithe i gcillín a thuilleadh agus is féidir leo teacht ar sheirbhísí agus dul i dteagmháil le baill foirne an phríosúin ar bhealach níos éasca, mar aon le daonra an phríosúin i gcoitinne. |
| **Téama Barrthábhachtach 4: Comhsheasmhacht, Cumarsáid & Mothúcháin maidir le Pionós** *(comhsheasmhacht maidir leis an réim a chur ar fáil agus a chleachtadh; pionós á ghearradh mar gheall ar leochaileacht)* | |
| **Moladh** | **IPS - Stádas an Mholta ar an 28 Eanáir 2021** |
| • Maidir le treoirlínte an rialtais, is le masc agus ar bhealach duine le duine a dhéantar idirghníomhaíocht le daoine faoi choimeád atá ag clutharú agus iad achar iomchuí óna chéile, seachas idirghníomhaíocht a dhéanamh trí dhoras dúnta. | Níl socruithe ar leith i bhfeidhm maidir le príosúnaigh chlutharaithe a thuilleadh, i gcomhréir leis na treoirlínte sláinte poiblí sa phobal. |
| • Bearta eile a bhreithniú chun eispéireas na n-idirghníomhaíochtaí a fheabhsú, agus trí sin, cur le héifeacht, soiléireacht agus dlisteanacht na faisnéise a chuirtear in iúl. | Níl príosúnaigh chlutharaithe gaibhnithe ina gcillín a thuilleadh agus is féidir leo dul i measc dhaonra an phríosúin i gcoitinne laistigh dá léibheann féin.<br>Eisítear Leabhrán maidir le Maireachtáil i gCillín chuig daoine atá gaibhnithe i gcillín. |
| • Breithniú a dhéanamh ar dhul i dteagmháil le daoine ábhartha i ndlínsí eile a mbeadh smaointe acu maidir le cuir chuige nuálacha chun tacú le daoine atá ag clutharú i bpríosúin. | Níl aon socruithe speisialta i bhfeidhm a thuilleadh chun tacú le príosúnaigh chlutharaithe. |
| **Téama Barrthábhachtach 5: Sláinte Intinne & Choirp** *(riachtanais cúraim sláinte níos déine)* | |
| **Moladh** | **IPS - Stádas an Mholta ar an 28 Eanáir 2021** |
| • Agus riachtanais sláinte intinne á mbreithniú, ní mór an éifeacht a bheadh ar dhaoine a bhfuil meabharghalair agus fadhbanna sláinte intinne acu cheana a chur san áireamh in éineacht leis na himpleachtaí sláinte intinne ginearálta agus an tráma a bheadh i gceist mar thoradh ar an bpaindéim agus na srianta. | Níl príosúnaigh chlutharaithe gaibhnithe i gcillín a thuilleadh agus is féidir leo teacht ar sheirbhísí mar aon le daonra an phríosúin i gcoitinne.<br>Meastar Cúram Sláinte agus Síceolaíocht Phríosúin a bheith ina seirbhísí bunriachtanacha agus tá siad á gcur i bhfeidhm i bpríosúin i gcónaí. |
| • Ní mór do IPS bealaí a aimsiú chun tráma mar thoradh ar an bpaindéim i measc daoine faoi choimeád, baill foirne agus páirtithe leasmhara eile a aithint agus gníomhú ina leith, cé acu a bhíonn nó nach mbíonn an tráma sin le sonrú láithreach nó bliain nó níos faide ina dhiaidh sin (pleananna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha). | Tá an tseirbhís cúraim sláinte agus an tseirbhís Síceolaíochta Príosún ar fáil chun gníomhú i leith aon tráma i measc daoine faoi choimeád mar thoradh ar an bpaindéim. |
| • Gníomh amháin a d'fhéadfaí a dhéanamh ná duine in IPS HQ a shannadh don tasc chun cinnte a dhéanamh de go gcuirfear daoine faoi choimeád san áireamh de réir mar a chuirtear seirbhísí sláinte ar fáil arís trí theagmháil a dhéanamh le hospidéil agus HSE. | Cuirtear seirbhísí sláinte ar fáil sa phríosún i gcónaí i rith na paindéime agus cuirtear coinní ospidéil bunriachtanacha ar an sceideal i gcónaí. Leanann an Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú de mholadh do HSE agus don Roinn Sláinte teacht a bheith ag príosúnaigh ar gach seirbhís cúraim sláinte ar bhonn comhionannais cúraim. |

| **Téama Barrthábhachtach 6: Gníomhaíocht Fhiúntach**<br>*(teacht a bheith ar obair, ar oideachas agus ar ghníomhaíocht ilchineálach)* | |
|---|---|
| **Moladh** | **IPS - Stádas an Mholta ar an 28 Eanáir 2021** |
| • Acmhainní oideachais, corpacmhainne agus eile a chur ar fáil trí chóras closamhairc sa chillín. | Bunaíodh córas teilifíse sa chillín i 4 phríosún agus tá pleananna ar bun é a chur ar fáil i ngach príosún. Tá seirbhísí príosún agus eagraíochtaí inrochtana ag cruthú ábhar oiriúnach lena chraoladh ar an gcainéal. |
| • Comhoibriú le hollscoileanna chun ábhar oideachais a chruthú agus oideolaíochtaí digiteacha a fhorbairt. | Tá IPS i mbun teagmhála leis na Boird Oideachais agus Oiliúna chun ábhair oideachais oiriúnacha a chruthú agus a fháil. Tá socruithe reatha ag roinnt Ionad Oideachais Príosún le hinstitiúidí ardoideachais. |
| • Rochtain a chur ar fáil ar tháibléid le WiFi (le beann ar bhearta cuí slándála) le go mbeifear in ann gníomhú ar ábhair oideachais, cluichí, teicneolaíochtaí cumarsáide, leabhair, nuachtáin agus chun tacú le sláinte choirp agus intinne. | Nuair a dhúntar na hIonaid Oideachais, is sa chillín a dháiltear ábhair oideachais agus ealaíon ar phríosúnaigh. Tríd an gcainéal teilifíse a bheith ar fáil, beifear in ann tabhairt faoi fhoghlaim chumaisc trí ábhar oideachais a bheith ar fáil ar sceideal na teilifíse. Níl aon phleananna ann faoi láthair chun gairis le WiFi a chur ar fáil sna cillíní. Cuirtear leabhair ó leabharlanna ar fáil i ngach príosún i gcónaí. |
| • Ba chóir do IPS meicníochtaí a chur ar bun chun fiafraí de dhaoine atá faoi réir réimeanna teoranta maidir lena gcuid riachtanas agus faoin mbealach ina bhféadfaí iad a bhaint amach. | Tá teagmháil leanúnach ar bun le daoine faoi choimeád trí oibrithe deonacha na Croise Deirge agus lorgaítear Idirghabhálacha laistigh de gach príosún mar aon le haiseolas trí Choistí Ghníomhaithe Sláinte Phoiblí na Croise Deirge. |
| **Téama Barrthábhachtach 7: Comhairliúchán**<br>*(teagmháil maidir le riachtanas a shocrú)* | |
| **Moladh** | **IPS - Stádas an Mholta ar an 28 Eanáir 2021** |
| • Réimse beartas agus cleachtaidh a chur i bhfeidhm d'fhonn sábháilteacht shíceolaíoch a chinntiú agus tacú le sláinte intinne agus athnascadh de réir mar a aistrítear ó na bearta. | Tá an tSeirbhís Cúraim Sláinte agus an tSeirbhís Síceolaíochta Príosún ar fáil i gcónaí chun gníomhú i leith riachtanais sláinte intinne agus síceolaíochta i measc daoine faoi choimeád mar thoradh ar an bpaindéim. |
| • D'fhéadfaí leas a bhaint as cleachtais athshlánaíocha chun deiseanna fóinteacha a chur ar fáil do phríosúnaigh agus baill foirne iad féin a chur in iúl agus a bheith páirteach maidir le cinneadh a dhéanamh faoin méid ba cheart a dhéanamh i ndáil le prótacail do chuairteanna, réimeanna a mhaolú agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil. | Tá teagmháil leanúnach ar bun le príosúnaigh ag an leibhéal áitiúil. Chomh maith leis sin, d'eisigh IPS nuachtlitreacha ar bhonn coicíse d'fhonn faisnéis, comhairle agus nuashonruithe a chur ar fáil do gach duine faoi choimeád. |
| • Teagmháil a dhéanamh le príosúnaigh agus baill foirne ar bhonn leanúnach agus seasta chun cuidiú le IPS beartais agus cleachtais a fhorbairt. | Tá teagmháil leanúnach ar bun le príosúnaigh ag an leibhéal áitiúil. Chomh maith leis sin, d'eisigh IPS nuachtlitreacha ar bhonn coicíse d'fhonn faisnéis, comhairle agus nuashonruithe a chur ar fáil do gach duine faoi choimeád. |

| Téama Barrthábhachtach 8: Luathscaoileadh<br>*(na critéir maidir le luathscaoileadh sealadach)* | |
|---|---|
| **Moladh** | **IPS - Stádas an Mholta an 28 Eanáir 2021** |
| • An úsáid is leithne a bhaint as meicníochtaí maidir le luathscaoileadh agus maidir le roghanna eile ar choimeád. | Ag leanúint ar aghaidh – Is trí fhíseán a cuireadh tús le cruinnithe athbhreithnithe Príosún i lár na bliana 2020. |
| • Teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí ceartais coiriúil eile agus le páirtithe leasmhara agus oibriú i gcomhar leo lena chinntiú go gcuirtear an deis ar fáil do gach duine ar féidir leo a bpianbhreith a chur isteach go sábháilte sa phobal amhlaidh a dhéanamh. | Bhí an Scéim um Fhilleadh ar an bPobal agus an Scéim Tacaíochta Pobail ar fáil i gcónaí le linn 2020. |

Faisnéis bhreise arna cur ar fáil ag IPS maidir le luathscaoiltí –

Tá an bunús reachtach chun cinntí a dhéanamh maidir le luathscaoileadh leagtha amach go hiomlán san Acht um Dhlínse Choiriúil 1960, arna leasú leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Scaoileadh Sealadach Príosúnach) 2003. Is féidir le príosúnach ar bith iarratas a dhéanamh tríd an nGobharnóir d'fhonn é/í a bhreithniú i gcomhair scaoileadh sealadach. Chomh maith leis sin, is féidir le teaghlach nó ionadaí dlí an phríosúnaigh iarratas a dhéanamh chun deonú dá leithéid a bhreithniú. Tá sé an-tábhachtach a thabhairt ar aird nach ionann is a rá go bhfaighidh príosúnach scaoileadh sealadach más amhlaidh an moladh ó údaráis an phríosúin agus/nó ó sheirbhísí teiripeacha. Déantar gach iarratas a bhreithniú ar a thuillteanais féin agus cuirtear líon cúinsí san áireamh, lena n-áirítear ciontuithe roimhe seo, agus cinneadh á dhéanamh maidir le scaoileadh sealadach a dheonú.

Leagtar amach san Acht 2003 an critéar a chuirtear san áireamh lena n-áirítear an méid seo a leanas -

- cineál agus tromchúis an chiona a bhaineann leis an bpianbhreith atá á cur isteach ag an duine
- an phianbhreith atá i gceist mar aon le moladh ar bith a dhéanann an Chúirt maidir leis an bpianbhreith a gearradh
- an tréimhse den phianbhreith atá curtha isteach ag an duine
- an bhagairt a d'fhéadfadh bheith i gceist do shábháilteacht agus slándáil an phobail dá scaoilfí an duine saor
- taifead coiriúil an duine roimhe seo
- an baol nach bhfilleadh an duine ar phríosún nuair a thiocfadh deireadh leis an tréimhse ar scaoileadh saor
- iompar an duine le linn é/í bheith faoi choimeád nó le linn é/í bheith ar scaoileadh sealadach roimhe seo
- tuairisc nó moladh ar bith a dhéanann an Gobharnóir, An Garda Síochána, Oifigeach Promhaidh & Leasa, nó duine ar bith eile a mheasann an tAire a bheadh in ann cuidiú a thabhairt chun teacht ar chinneadh maidir le scaoileadh sealadach a dheonú
- an baol go ndéanfadh an duine coir le linn na tréimhse ar scaoileadh sealadach
- an baol nach gcomhlíonfadh an duine ceann ar bith de na coinníollacha a bhaineann le scaoileadh sealadach
- an dóchúlacht go gcuirfí dlús leis an duine a ath-imeascadh sa tsochaí nó go bhfeabhsófaí a ionchais/hionchais maidir le fostaíocht a fháil mar thoradh ar an tréimhse ar scaoileadh sealadach

Ó thús na paindéime i mí an Mhárta 2020 i leith, tá sé tugtha faoi deara ag an gCigireacht go bhfuil cinntí beartais curtha i bhfeidhm ag IPS, agus ag an earnáil phoiblí i gcoitinne in Éirinn, nárbh fhéidir a thuar míonna roimhe sin. Mar chuid dá freagra ar an bpaindéim, chuir IPS bearta agus beartais i bhfeidhm (cuairteanna físe, cainéal teilifíse laistigh den chillín, éarlais An Post, nuachtlitreacha, etc.) d'fhonn an éifeacht a bhainfeadh le srianta COVID-19 ar dhaoine faoi choimeád a mhaolú.

Molann an Chigireacht IPS maidir lena hiarrachtaí chun scaipeadh an víris a shrianadh ar fud eastát na bpríosún, agus cuirimid fáilte roimh go leor de na tionscnaimh sin bheith á gcoinneáil, lena n-áirítear cainéal teilifíse laistigh den chillín agus nuachtlitreacha faisnéise, cuairteanna trí naisc físe (d'fhonn cur le cuairteanna i bpearsa ach gan teacht ina n-ionad) agus éarlaisí An Post.

Chomh maith leis sin, molann an Chigireacht don IPS an riachtanas leanúnach a chur san áireamh maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar um scaoileadh sealadach a mhéadú. Trí sin a dhéanamh, d'fhéadfaí an líon daoine atá faoi choimeád a laghdú tuilleadh. Chomh maith leis sin, tacaíonn an Chigireacht le teagmháil leanúnach IPS le gníomhaireachtaí seachtracha chun cinnte a dhéanamh de go gcuirtear na hacmhainní riachtanacha ar fáil do dhaoine a scaoiltear saor ó choimeád (tithíocht, bia, cúram sláinte, fostaíocht, comhairleoireacht, etc.) ionas gur féidir leo iad féin a athlonnú agus a ath-imeascadh sa tsochaí.

# 4 FORLÉARGAS AR GHEARÁIN

Tá ról reachtúil ag an gCigire Príosún maidir le maoirseacht ghinearálta a dhéanamh ar Chóras Gearán Príosúnach Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Ní feidhm de chuid an Chigire Príosún gearáin aonair a imscrúdú, ach féadfaidh an Chigireacht na cúinsí a bhaineann le gearán a imscrúdú nuair is gá chun feidhmeanna na hOifige a chomhlíonadh.[9]

De réir mar a éilítear i mBeartas IPS maidir le Gearáin Príosúnach,[10] is é Gobharnóir an phríosúin ábhartha a dhéanann gearáin a mheasúnú agus a chatagóiriú. Is mar seo a leanas catagóirí na ngearán:

- **Catagóir A** - gearáin a rinne príosúnach ag líomhain drochíde thromchúiseach, úsáid fórsa iomarcach, imeaglú / leithcheal tromchúiseach nó bagairtí ag ball foirne.
- **Catagóir B** - lár-raon i dtéarmaí tromchúise mar leithcheal, baill foirne ag tabhairt íde béil do phríosúnaigh, cuardaigh mhíchuí etc.
- **Catagóir C** - gearáin a bhaineann le leibhéal na seirbhíse ar nós gearáin faoi chuairteanna, glaonna gutháin, saincheisteanna faoi chomhartha gutháin, éadaí in easnamh, gan post a fháil in am, gan deiseanna aclaíocht chuí a dhéanamh, etc.
- **Catagóir D** - gearáin i gcoinne gairmithe mar fhiaclóirí, dochtúirí etc.
- **Catagóir E** - gearáin a rinne cuairteoirí ar an bpríosún
- **Catagóir F** – gearáin in aghaidh cinntí a dhéanann IPS HQ i ndáil le ceisteanna amhail scaoileadh sealadach a dheonú, aistrithe príosúin etc.

## 4.1 Tuairisceáin Mhíosúla maidir le Gearáin ó Phríosúnaigh


Cuireann IPS sonraí ar fáil don Chigireacht maidir le gearáin ó phríosúnaigh. Ní mór an fhaisnéis seo a chur ar fáil ar bhonn míosúil ó Oifigeach Idirchaidrimh Príosúin i ngach príosún. Níor mhór fiosrú a dhéanamh maidir le cúinsí ina bhfuarthas faisnéis neamhiomlán.

Tá cainníocht agus miondealú catagóire na ngearán ó phríosúnaigh a cláraíodh le linn 2020 curtha ar fáil thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar shonraí a fuair an Chigireacht ó na tuairisceáin mhíosúla. Níor taifeadadh aon ghearáin i dTeach an Locháin ná i Mainistir Shelton, ar Ionaid Oscailte iad araon, le linn 2020.

Cuirtear miondealú ar fáil i **bhFíor 2** agus **Tábla 5** ar líon na ngearán a rinneadh i ngach príosún faoi gach aon cheann de na catagóirí gearáin.

[9] Alt 31(6) Acht na bPríosún 2007.
[10] Beartas Sheirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le Gearáin ó Phríosúnaigh, Bealtaine 2014.

**Fíor 2: 2020 Miondealú ar Ghearáin de réir Catagóire de réir thuairisceáin mhíosúla na bpríosún**




**Tábla 5: Tuairisceáin Mhíosúla de ghearáin Chatagóir A go Catagóir F a rinneadh i ngach príosún**

| Ionad Coinneála | Cat A | Cat B | Cat C | Cat D | Cat E | Cat F |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cnoc an Arbhair | 3 | 3 | 6 | 0 | 0 | 1 |
| An Caisleán Riabhach | 7 | 6 | 85 | 23 | 1 | 0 |
| Cnoc na Seamar | 16 | 34 | 91 | 17 | 2 | 0 |
| Corcaigh | 5 | 5 | 3 | 1 | 0 | 0 |
| Luimneach | 2 | 1 | 4 | 2 | 0 | 0 |
| Lár Tíre | 12 | 30 | 136 | 14 | 0 | 2 |
| Muinseo (Fir) | 3 | 28 | 132 | 23 | 2 | 1 |
| Muinseo (Mná) – Ionad Dóchas | 8 | 22 | 27 | 7 | 0 | 0 |
| Port Laoise | 4 | 12 | 5 | 3 | 0 | 0 |
| Páirc na Cruithneachta | 7 | 8 | 106 | 23 | 0 | 0 |
| Mainistir Shelton | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Teach an Locháin | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **67** | **149** | **595** | **113** | **5** | **4** |

## 4.2 Gearáin i gCatagóir A

### 4.2.1 Oibleagáidí Tuairiscithe faoi Rialacha na bPríosún

Tá oibleagáidí tuairiscithe ar IPS maidir le líomhaintí de chineál tromchúiseach mar ionsaí nó úsáid fórsa iomarcach i gcoinne príosúnaigh nó drochíde, ciníochas, leithcheal, imeaglú, bagairtí. Tá na hoibleagáidí sin leagtha amach i Riail 57B de Rialacha na bPríosún 2007-2020, mar seo a leanas:

- Déanfaidh an Gobharnóir, taobh istigh de sheacht lá i ndiaidh dó eolas faoi ghearán den sórt sin a fháil, an t-eolas sin a chur faoi bhráid an Chigire Príosún, Riail 57B(4).

- De réir Riail 57B(5)(a), caithfear an Cigire Príosún a chur ar an eolas faoi cheapachán na ndaoine nó na ndaoine a cheapfaidh an tArd-Stiúrthóir chun imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán.

- Má chinneann an tArd-Stiúrthóir gan foireann imscrúdaithe a cheapadh caithfidh sí socrú a dhéanamh go gcuirfear an Cigire Príosún ar an eolas faoin gcinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh de réir Riail 57B(5)(b).

- Má dhéantar an gearán a tharraingt siar, fiosróidh an Gobharnóir, nó an tOifigeach Ainmnithe an fáth ar tarraingíodh siar an gearán, déanfar na fáthanna a thaifeadadh agus cuirfear ar aghaidh iad chuig an Ard-Stiúrthóir. D'fhéadfadh an tArd-Stiúrthóir cinneadh a dhéanamh gur chóir deireadh a chur leis an imscrúdú (agus más amhlaidh, na fáthanna leis sin a thaifeadadh agus an Cigire Príosún a chur ar an eolas faoi Riail 57B(5)(c)) nó ordú a thabhairt gur chóir leanúint ar aghaidh leis an imscrúdú.

- De réir Riail 57B(10)(a) ní mór cóip de gach tuarascáil a chuireann foireann imscrúdaithe isteach a sholáthar don Chigire, lena n-áirítear tuarascáil eatramhach i gcás nach gcuirtear an t-imscrúdú i gcrích laistigh de thrí mhí.

- De réir Riail 57B(10)(b) cuirfidh an Gobharnóir cóip d'aon tuarascáil agus cinneadh a dhéanann sé/sí ar aghaidh chuig an gCigire Príosún, nó más é an Gobharnóir ábhar an ghearáin, cuirfidh an tArd-Stiúrthóir cóip den Tuarascáil chuig an gCigire Príosún. De réir Riail 57B(11), mura bhfuil gearánach sásta le toradh an imscrúdaithe, féadfaidh sé nó sí scríobh chuig Cigire Príosún IPS ag míniú cén fáth nach bhfuil sé nó sí sásta de réir Riail 57B(12). Beidh maoirseacht ag Cigire na bPríosún ar gach imscrúdú a dhéanfar faoin Riail seo, beidh rochtain aici ar aon ábhar bainteach a bhaineann le haon imscrúdú a bhaineann le himscrúdú den sórt sin, agus féadfaidh sé nó sí aon ghné a mheasann sé nó sí a bheith ábhartha a imscrúdú.

### 4.2.2 Anailís ar Ghearáin i gCatagóir A

In 2020, fuair an Chigireacht fógra faoi 90 gearán i gCatagóir A ó dheich bpríosún san iomlán (**Tábla 6**).

**Tábla 6: Fógraí faoi Ghearáin i gCatagóir A chuig an gCigire Príosún**

| **Ionad Coinneála** | **Fógraí faoi Ghearáin i gCatagóir A 2020** |
|---|---|
| Cnoc an Arbhair | 2 |
| Príosún an Chaisleáin Riabhaigh | 7 |
| Príosún Chnoc na Seamar | 18 |
| Príosún Chorcaí | 3 |
| Príosún na mBan Mhuinseo – Ionad Dóchas | 8 |
| Príosún Luimnigh | 3 |
| Príosún Lár Tíre | 13 |
| Príosún na bhFear Mhuinseo | 4 |
| Príosún Phort Laoise | 20 |
| Príosún Pháirc na Cruithneachta | 12 |
| **IOMLÁN** | **90** |

Mar a léirítear i **dTábla 5** agus **Tábla 6,** tá neamhréir idir figiúirí na dtuairisceán míosúil comhiomlán a fuarthas ó na hoifigigh idirchaidrimh príosúin agus na fógraí aonair a fuair an Chigireacht. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh, fuarthas amach gur ar chúiseanna éagsúla a tharla na neamhréireanna idir tuairisceáin na ngearán míosúil ó IPS agus na fógraí i gCatagóir A a fuair an Chigireacht:

- Is i mí Eanáir a fuair an Chigireacht fógraí maidir le gearáin a tharla i mí na Nollag na bliana roimhe sin;
- Tuairiscíodh gearáin ó bhlianta eile nár tuairiscíodh;
- Fuarthas fógraí go díreach ó IPS HQ; agus
- Rinneadh athchatagóiriú ar ghearáin.

Ón mbliain 2018 i leith, tá an Oifig seo ag tuairisciú ar fhógraí maidir le gach catagóir gearáin a fuarthas ó IPS agus aithníodh neamhréireanna gach aon bhliain. Dá bharr sin, ní mór a bheith ábhairín cáiréiseach maidir leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil faoi ghearáin.

Tugtar achoimre ar riachtanais agus comhlíonadh Riail 57B i **dTábla 7**. Tarraingítear an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa tábla seo go díreach ó na fógraí a fuarthas ó IPS.

**Tábla 7: Fógra a thabhairt i gcomhréir le Riail 57(B) de Rialacha na bPríosún 2007-2020**

| Riail 57(B) de Rialacha na bPríosún 2007 – 2020 | Fógra a Fuarthas a bhaineann le 2020 | Fógra a Fuarthas a bhaineann le 2019 | Fógra a Fuarthas a bhaineann le 2018 | An líon iomlán a fuarthas in 2020 |
|---|---|---|---|---|
| Fógraí faoi ghearáin i gCatagóir A | 72 | 6 | 12 | 90 |
| Fógra ón nGobharnóir don Chigireacht laistigh de 7 lá ó fhógra a fháil faoin ngearán [57B(4)] | 69 | 4 | 0 | 73 |
| Cuirfear an Chigireacht ar an eolas faoi cheapachán an imscrúdaitheora [57B(5)(a)] | 2 | 0 | 0 | 2 |
| Gearáin a mheasann Ard-Stiúrthóir IPS a bheith cráiteach, gan bhunús, nó lasmuigh de raon feidhme na rialach agus a fhoirceannann sé. Cuirtear an Cigire Príosún ar an eolas faoin gcinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh [57B(5)(b)] | 1 | 0 | 1 | 2 |
| Gearáin a tharraingíonn príosúnaigh siar agus a chinneann an tArd-Stiúrthóir gur cheart iad a fhoirceannadh. Cuirtear OIP (a) ar an eolas agus (b) déantar na cúiseanna a dhoiciméadú [57B(5)(c)] | (a) 3<br>(b) 3 | (a) 6<br>(b) 6 | (a) 0<br>(b) 0 | (a) 9<br>(b) 9 |
| Gearáin a chuaigh ar aghaidh chuig Imscrúdú | 61 | 5 | 11 | 77 |
| Tuarascálacha iomlána ar imscrúduithe a fuair an Chigireacht | 25 | 25 | 0 | 50 |
| Tuarascálacha eatramhacha a cuireadh faoi bhráid na Cigireachta | 9 | 9 | 0 | 18 |
| Líon na dtuarascálacha a fuarthas inar glacadh nó inar seasadh leis an ngearán | 2 | 4 | 0 | 6 |

**Tábla 8: Riachtanais agus Comhlíonadh Riail 57B**

| Riail 57B de Rialacha na bPríosún<br>2007-2017 | %<br>Comhlíonta<br>2020 | %<br>Comhlíonta<br>2019 | %<br>Comhlíonta<br>2018 |
|---|---|---|---|
| Fógra ón nGobhanóir chuig an gCigire Príosún taobh istigh de sheacht lá tar éis dó eolas faoin ngearán a fháil [57B(4)] | 73 (81.11%) | 53 (79.10%) | 65 (82.27%) |
| Cuirfear an Cigire Príosún ar an eolas faoi cheapachán an imscrúdaitheora [57B(5)(a)] | 2 (2.22%) | 20 (29.85%) | 0 (0%) |
| Gearáin a mheasann Ard-Stiúrthóir IPS a bheith cráiteach, gan bhunús, nó lasmuigh de raon feidhme na rialach agus a fhoirceannann sé. Cuirtear an Cigire Príosún ar an eolas faoin gcinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh [57B(5)(b)] | N=2<br>2 (100%) | N=1<br>1 (100%) | N=4<br>4 (100%) |
| Gearáin a tharraingíonn príosúnaigh siar agus a chinneann an tArd-Stiúrthóir gur cheart iad a fhoirceannadh. Cuirtear an Cigire Príosún (a) ar an eolas agus (b) déantar na cúiseanna a dhoiciméadú [57B(5)(c)] | N=9<br>(a) 9 (100%)<br>(b) 9 (100%) | N=3<br>(a) 3 (100%)<br>(b) 3 (100%) | N=7<br>(a) 7 (100%)<br>(b) 5 (71%) |
| Gearáin a chuaigh ar aghaidh chuig imscrúdú | 77 (85.55%) | 65 (97.01%) | 68 (86.07%) |
| Tuarascálacha iomlána ar imscrúduithe a fuair OIP | 25 (32.46%) | 15 (23.07%) | 22 (32.35%) |
| Tuarascálacha ar imscrúduithe a fuarthas laistigh de 3 mhí | 2 (3.07%) | 1 (1.53%) | 0 (0%) |
| Tuarascálacha eatramhacha a cuireadh faoi bhráid OIP | 9 (12%) | 2 (3.12%) | 0 (0%) |
| Líon na dtuarascálacha ar imscrúduithe a fuarthas inar glacadh nó inar seasadh leis an ngearán | 2(8%) | 5(33.33%) | 2(9.09%) |

Mar a léirítear i **dTábla 8**, fuair an Chigireacht idir 79.10% agus 82.27% d'fhógraí faoi ghearáin i gCatagóir A laistigh de sheacht lá ar an ngearán a thabhairt chuig an nGobharnóir le linn na tréimhse trí bliana. Ar an iomlán in 2020, fuarthas 17 fógra lasmuigh den chreat ama reachtúil seacht lá.

Chuir IPS an Chigireacht ar an eolas maidir le ceapachán beirt imscrúdaitheoirí sa bhliain 2020; chuaigh comhlíonadh na Rialach seo in olcas in 2020 le hais na bliana 2019 ina bhfuair an Chigireacht 20 fógra dá leithéid. Chuir IPS an Chigireacht ar an eolas gur imríodh drochthionchar ar ghearáin ó phríosúnaigh a imscrúdú mar gheall ar COVID-19, a raibh moilleanna ag baint leis maidir le himscrúdaitheoirí a cheapadh mar gheall ar na srianta a cuireadh i bhfeidhm ar phríosúnaigh, ar bhaill foirne na bpríosún agus ar chuairteoirí ag dul isteach sna príosúin.

In 2020 agus 2019 b'ionann 100% comhlíonadh na Rialach 57B(5)(b) agus 57B(5)(c). Chuir IPS cúiseanna ar fáil maidir le gearáin a measadh a bheith cráiteach, gan bhunús, nó lasmuigh de raon feidhme na rialach mar aon leis na cúiseanna a bhain le tarraingt siar ar bith.

Bhí 65 fógra nua faoi ghearán sa chéad naoi mí den bhliain 2020. Dá ndéanfaí gearán ar bith sna trí mhí deiridh den bhliain, níor ghá go gcuirfí iad i gcrích lasmuigh den chreat ama trí mhí. I gcásanna

nach gcuirtear imscrúdú i gcrích laistigh de thrí mhí ar dháta an ghearáin, ní mór don imscrúdaitheoir tuarascáil eatramhach a chur ar fáil don Ghobharnóir ina dtaifeadtar an dul chun cinn atá déanta agus na cúiseanna a bhfuil am breise ag teastáil chun an tuarascáil a chur i gcrích. Ní mór cóip de na tuarascálacha seo a chur ar fáil do OIP faoin Riail 57B(10)(a).

Maidir leis na 63 cas nár cuireadh i gcrích laistigh den trí mhí sonraithe, ní bhfuair an Chigireacht ach naoi dtuarascáil eatramhacha. Tá sé seo ina leibhéal íseal maidir le comhlíonadh an dlí. Mar shampla, i gcás amháin inar cuireadh ar an eolas muid faoi ghearán i gCatagóir A ar an 16 Bealtaine 2019, fuaireamar fógra eile faoin ngearán céanna ar an 20 Lúnasa 2019 agus ceapadh imscrúdaitheoir ar an 24 Lúnasa 2019. Léiríodh an t-imscrúdú a bheith ina imscrúdú leanúnach i dtuairisceáin mhíosúla na bpríosún 2020 suas go dtí Iúil 2020, an mhí sin san áireamh. Ní bhfuarthas aon tuarascáil eatramhach ó IPS agus i ndiaidh fiosrúchán a rinne an Chigireacht cuireadh ar an eolas muid gur cuireadh deireadh leis an imscrúdú an 30 Samhain 2019. Fuaireamar tuarascáil achomair maidir leis an imscrúdú ar an 13 Lúnasa 2020. Faoi dheireadh na bliana, ní bhfuarthas fós an tuarascáil iomlán ar an imscrúdú. Ní raibh an próiseas seo i gcomhréir le Riail na bPríosún 57B.

I mí Iúil 2020, fuair an Chigireacht fógra ó Cheanncheathrú IPS maidir le himscrúdaitheoirí a bheith ceaptha chun 12 ghearán i gCatagóir A a rinneadh i bPríosún Phort Laoise, ag dul siar go 2018 a iniúchadh. Cuireadh an Chigireacht ar an eolas go raibh athbhreithniú á dhéanamh ar nósanna imeachta áitiúla i bPríosún Phort Laoise lena chinntiú nach dtarlódh cás den chineál céanna sa todhchaí. B'ionann líon iomlán na ngearán i gCatagóir A a luaigh an Chigireacht i dTuarascáil Bhliantúil 2018 agus 79, ach ba é 91 an líon ceart ba chóir a bheith i gceist ag féachaint do na fógraí a fuarthas sa bhliain 2020.[11]

Tá droch-chomhlíonadh an dlí ag IPS maidir le gearáin ó phríosúnaigh ina ábhar imní. Tá oibríocht an chórais reatha easnamhach agus neamhiontaofa mar gheall ar neamhchomhlíonadh ag IPS. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh iontaoibh ag príosúnaigh, ag baill foirne na bpríosún agus ag an bpobal go bhfuil córas gearáin i bhfeidhm do phríosúnaigh atá láidir agus cothrom. Ní hamhlaidh an cás ar an drochuair, agus is é tuairim na Cigireachta, mar atá léirithe i roinnt Tuarascálacha roimhe seo, nach bhfuil an córas reatha maidir le Gearáin Príosún oiriúnach don fheidhm.

I mí Feabhra 2021, le linn na tréimhse a raibh an tuarascáil seo á hullmhú, chuir IPS an Chigireacht ar an eolas go bhfuil 13 imscrúdaitheoir gníomhach ar fáil faoi láthair maidir le gearáin thromchúiseacha, ar chuir roinnt acu teorainn leis an líon príosún nó an limistéar geografach ina n-oibreoidh siad. Chomh maith leis sin, chuir IPS faisnéis eile ar fáil gur cuireadh iarratas isteach chuig an Oifig um Sholáthar Poiblí (OGP) chun tairiscint a chur amach do chuideachtaí imscrúdaithe chun imscrúdaithe a dhéanamh ar ghearáin thromchúiseacha faoi Riail na bPríosún 57B. Cuireadh aighneacht ar mhaoiniú €400k chun costais na n-imscrúduithe a chlúdach isteach chuig an Roinn Dlí agus Cirt faoi Phróiseas Meastachán 2021, ach níor formheasadh é sin. Ina dhiaidh sin, chuaigh IPS i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) sa bhliain 2020 agus mhol sé an ráta laethúil do dhaoine a dhéanann imscrúdú ar ghearáin faoi Riail na bPríosún 57B a ardú, os rud é gurb é DPER a leagan síos na rátaí sin. I mí Eanáir 2021, cuireadh IPS ar an eolas nach raibh DPER in ann na rátaí a athbhreithniú i láthair na huaire mar gheall ar an stádas buiséid a bhí ag teacht chun cinn. Mar gheall air sin, chuir IPS in iúl dúinn go mbeidh sé ina dhúshlán mór a chinntiú go sanntar imscrúdaitheoirí agus go gcuirtear imscrúduithe ar ghearáin thromchúiseacha i gcrích go tráthúil i rith na bliana 2021.

[11] Féach, Tuarascáil Bhliantúil 2018, leathanach 15.

## 4.3 Staid an Chórais Nua Gearán Príosúnach

Thuairiscigh an Chigireacht i dTuarascáil Bhliantúil 2019 go raibh sé i gceist ag IPS Córas Gearán nua Príosúnach a chur ar bun agus a chur i bhfeidhm a dhéanfaí a chur i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2019.[12] Cuireadh an Chigireacht ar an eolas arís le linn na bliana 2020 go raibh sé i gceist ag IPS an córas nua a bheith i bhfeidhm ar fud an eastáit faoi dheireadh na bliana 2020, ach d'fhonn é a chur i bhfeidhm, níor mhór an reachtaíocht a leasú trí Ionstraim Reachtúil agus acmhainní tiomnaithe breise a bheith ar fáil. Amhail an 31 Nollaig 2020, níor cuireadh an córas i bhfeidhm.


[12] Tuarascáil Bhliantúil, 2019, leathanach 49.

# 5 LITREACHA Ó PHRÍOSÚNAIGH

De réir Riail 44 (1) (h) de Rialacha na bPríosún 2007 - 2020, tá príosúnach i dteideal litir nár osclaíodh a sheoladh agus a fháil ón gCigire Príosún.

In 2020, fuair Oifig an Chigire Príosún 59 Litir Riail 44 ó phríosúnaigh. Tháinig na litreacha seo ó naoi bpríosún, agus ní bhfuarthas aon litreacha ó Phríosún Chorcaí, ó Phríosún Luimnigh ná ó Theach an Locháin. I **bhFíor 3**, cuirtear sonraí ar fáil maidir leis an mí a fuarthas gach aon litir mar aon leis an bpríosún ónar seoladh í:

**Fíor 3: Litreacha a seoladh ó Phríosúnaigh faoi Riail 44 de Rialacha na bPríosún**




| | Eanáir | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Páirc na Cruithneachta | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Mainistir Shelton | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Port Laoise | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 |
| Muinseo | 2 | 0 | 0 | 0 | 2 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 |
| Lár Tíre | 1 | 0 | 0 | 1 | 3 | 1 | 0 | 2 | 0 | 1 | 2 | 1 |
| Teach an Locháin | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Luimneach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Dóchas | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 11 | 2 | 0 |
| Corcaigh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Cnoc na Seamar | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Caisleán Riabhach | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| Cnoc an Arbhair | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 |
| Iomlán | 9 | 1 | 0 | 2 | 6 | 5 | 4 | 6 | 3 | 14 | 6 | 3 |

I **dTábla 9,** déantar comparáid idir an líon litreacha Riail 44 a fuarthas ó gach aon phríosún in 2020 le hais na bliana 2019.

**Tábla 9: Litreacha Riail 44, Comparáid leis an mbliain roimhe**

| Ionad Coinneála | Líon Iomlán Litreacha 2020 | Líon Iomlán Litreacha 2019 |
|---|---|---|
| Cnoc an Arbhair | 3 | 2 |
| An Caisleán Riabhach | 8 | 3 |
| Cnoc na Seamar | 2 | 6 |
| Corcaigh | 0 | 0 |
| Príosún na mBan Mhuinseo Ionad Dóchas | 15 | 2 |
| Luimneach | 0 | 0 |
| Teach an Locháin | 0 | 0 |
| Lár Tíre | 12 | 12 |
| Muinseo | 9 | 11 |
| Port Laoise | 6 | 8 |
| Mainistir Shelton | 1 | 1 |
| Páirc na Cruithneachta | 3 | 1 |
| **Iomlán** | **59** | **46** |

# 6 IMSCRÚDUITHE

## 6.1 Básanna faoi Choimeád

De bhun Alt 31 (2) d’Acht na bPríosún 2007, d’iarr an tAire Dlí agus Cirt ar an gCigire imscrúdú a dhéanamh ar gach Bás faoi Choimeád (DiC), lena n-áirítear bás duine laistigh de mhí amháin ar Scaoileadh Sealadach/Scaoileadh ar Cheadúnas sa phobal. Seo a leanas cuspóirí imscrúduithe DiC na gCigireachta.

Is iad cuspóirí imscrúduithe DiC na gCigireachta ná:

- Na himthosca agus na himeachtaí a bhaineann leis an mbás a fháil amach, lena n-áirítear an cúram sláinte a sholáthair IPS;

- A fhiosrú an bhféadfadh aon athruithe ar mhodhanna oibríochta, beartais, cleachtais nó socruithe bainistíochta IPS cabhrú le bás den chineál céanna a chosc sa todhchaí;

- A chinntiú go bhfuil deis ag teaghlach an phríosúnaigh aon imní atá acu a léiriú, agus an méid sin a chur san áireamh san imscrúdú;

- Cabhrú le hoibleagáid imscrúdaithe an Chróinéara faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, trína chinntiú a mhéid is féidir go dtugtar na fíricí iomlána chun solais agus go nochtar aon mhainneachtain ábhartha, go n-aithnítear aon chleachtas inmholta, agus go bhfoghlaimítear aon cheachtanna ón mbás.


Cuireadh an Chigireacht ar an eolas maidir le 13 bhás a tharla idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2020; tharla cúig bhás nuair a bhí an duine ar Scaoileadh Sealadach. Maidir leis na hocht mbás a tharla nuair a bhí an duine faoi choimeád, tharla dhá cheann i gCnoc an Arbhair, dhá cheann i Luimneach, ceann amháin i bPáirc na Cruithneachta, ceann amháin sa Chaisleán Riabhach, ceann amháin i gCnoc na Seamar agus ceann amháin i bPríosún Chorcaí. **(Fíor 4).**

Foilsíodh deich dtuarascáil imscrúdaithe sa bhliain 2020[13], bhain ocht gcinn acu sin le básanna a tharla in 2018 agus tharla dhá cheann de na básanna seo in 2019. Maidir leo sin, d’ullmhaigh IPS Pleananna Gníomhaíochta mar fhreagra ar mholtaí a rinneadh in ocht dtuarascáil (Aguisín 11.3). Níor áiríodh moltaí in dhá cheann de na tuarascálacha imscrúdaithe.

I **bhFíor 4,** tugtar miondealú ar bhásanna a tharla in 2020 de réir an phríosúin, ar fir a bhí iontu ar fad.

[13] Tuarascálacha imscrúdaithe maidir le Bás faoi Choimeád, https://www.oip.ie/death-in-custody/death-in-custody-report-by-year-of-publication/.

**Fíor 4: Básanna a tharla in 2020 de réir an phríosúin**





Ar an drochuair, tá riaráiste i dtuarascálacha imscrúdaithe maidir le bás faoi choimeád a dhréachtú ón mbliain 2016 i leith. Is amhlaidh an cás mar gheall ar acmhainní foirne a bheith easnamhach. Mar thoradh ar mhéadú i leithdháileadh bhuiséad na bliana 2020, bhíothas in ann acmhainní foirne breise a earcú. Cuireadh tús leis an bpróiseas earcaíochta seo i lár na bliana 2020 ónar bunaíodh dhá phainéal iarrthóirí ar éirigh leo ag leibhéal an Chigire Shinsearaigh agus ag leibhéal an Chigire. Thug an chéad triúir iarrthóirí ar éirigh leo faoi dhualgas i mí na Samhna 2020 agus tá an chuid eile le tús a chur lena bhfostaíocht faoi lár na bliana 2021.

## 6.2 Imscrúdú faoi Alt 31(2) ar Iarratas ón Aire

I mí Iúil na bliana 2020 chuir an Cigire ábhar imní in iúl don Aire. D'iarr an tAire ar an gCigire imscrúdú a dhéanamh faoi Alt 31 (2) d'Acht na bPríosún 2007. Comhaontaíodh na Téarmaí Tagartha i mí Mheán Fómhair 2020. Bhí an t-imscrúdú fós ar siúl ag deireadh na bliana.

# 7 SEOLADH AN CHREATA CIGIREACHTA DO PHRÍOSÚIN IN ÉIRINN

Ar an 15 Meán Fómhair 2020, d'fháiltigh an tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee TD, roimh fhoilsiú an Chreata Chigireachta do Phríosúin in Éirinn.[14] Bhí an seoladh don Chreat Cigireachta beartaithe ar dtús do mhí an Mhárta 2020, ach cuireadh an t-imeacht ar athlá mar gheall ar COVID-19 agus tionóladh é go fíorúil.




Leagtar amach sa Chreat Cigireachta an bealach ina gcuirfidh an Chigireacht cigireachtaí i gcrích i bpríosúin in Éirinn. Chun na críche sin, tá an Creat bunaithe ar chúig Réimse Fócais, a dhéantar a thomhas in aghaidh trí dhiminsean. Is iad na Réimsí Fócais na príomhghnéithe a théann i bhfeidhm, agus atá ina léiriú ar leas agus cearta daonna na bpríosúnach agus daoine eile a oibríonn i bpríosúin agus a thugann cuairt orthu: Sábháilteacht & Slándáil, Meas & Dínit, Athshlánú & Forbairt, Sláinte agus Folláine, agus Athlonnú. Is iad na Diminsin na critéir uileghabhálacha agus leathana a bhaineann le cigireacht a dhéanamh. Úsáidfear trí Dhiminsean, Torthaí, Comhlíonadh agus Timpeallacht, chun measúnú a dhéanamh ar gach aon cheann de na Réimsí Fócais. Déanfar measúnú ar na Réimsí Fócais agus na Diminsin trí úsáid a bhaint as tomhais a bhaintear as réimse foinsí lena n-áirítear ceanglais dlí, dea-chleachtas agus treoirlínte idirnáisiúnta.

Forbraíodh an Creat Cigireachta do Phríosúin in Éirinn i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara in Éirinn agus thar lear, lena n-áirítear An Roinn Dlí agus Cirt, IPS, An Roinn Oideachais agus Scileanna, eagraíochtaí neamhrialtais, Acadóirí, Comhairle na hEorpa, acadóirí agus saineolaithe eile.

Cuirfidh an Chigireacht a chéad chuairteanna cigireachta i gcrích faoi threoir an Chreata Cigireachta le linn na bliana 2021.

[14] An Creat Cigireachta do Phríosúin in Éirinn (2020) https://www.oip.ie/launch-of-the-framework-for-the-inspection-of-prisons-in-ireland/

# 8 SCÉIM GHINEARÁLTA DON DRÉACHT-BHILLE UM CHIGIREACHT A DHÉANAMH AR IONAID CHOINNEÁLA

In 2018, d'iarr An Roinn Dlí agus Cirt ar an gCigireacht aighneacht a dhéanamh maidir le Scéim don Dréacht-Bhille um Chigireacht a Dhéanamh ar Ionaid Choinneála 2014. Chuir an Cigire a tuairimí isteach an 20 Meán Fómhair 2020 ach is é tuiscint an Chigire go bhfuil sé cóir a bheith réidh. Chuir an Roinn an Chigireacht ar an eolas go gcuirfí tús le teagmháil leis an Oifig i dtús na bliana 2021.

# 9 RANNPHÁIRTÍOCHT SHEACHTRACH

Bhain an Chigireacht leas as réimse deiseanna chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh de IPS araon, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

## 9.1 Cuairteanna Ionduchtaithe

Chuaigh an Chigireacht i mbun líonraithe agus malartaithe idir-rannaigh trí chuairteanna ionduchtaithe a thabhairt ar Phríosún Mhuinseo agus ar Ionad Dóchas in éineacht leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), An Príomhchigire Seirbhísí Sóisialacha agus an Stiúrthóir Rialála agus trí chuairt a thabhairt ar Phríosún Chnoc na Seamar in éineacht leis an gCigire Seirbhísí Meabhair-Shláinte agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte (MHC).

## 9.2 Imeachtaí

**An Chomhdháil *Instance Nationale pour le Prévention de la Torture***

Collóiciam Idirnáisiúnta um Monatóireacht a Dhéanamh ar Ionaid ina mBaintear Saoirse i gComhthéacs COVID-19, an 18 Nollaig 2020. *I Láthair*

**Seimineár Gréasáin Iontaobhas Zahid Mubarek, Ollscoil Bhriostó agus Royal Holloway University of London**

*Monatóireacht a Dhéanamh ar Ionaid Choinneála le linn na Paindéime*, an 17 Nollaig 2020. *Rannpháirteach*

**Seimineár Gréasáin an Lárionaid um Staidéar Coireachta agus Cirt**

*An Coróinvíreas i bPríosúin: Cad atá ar siúl ar fud na hEorpa?*, an 3 Nollaig 2020. *I Láthair*

**An Chomhdháil – Príosúin: Riail an Dlí, Cuntasacht agus Cearta (PRILA)**

Reáchtáladh comhdháil don tionscadal PRILA, atá bunaithe i Scoil an Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath maidir le Maoirseacht a dhéanamh ar Phríosúin, comhdháil fhíorúil, an 26 Samhain 2020. *Rannpháirteach i nDíospóireacht Phainéil*

**Seimineár Gréasáin Ollscoil Nottingham agus Ombudsman um Phríosúin agus Promhadh na RA**

*Básanna i bPríosúin a Laghdú: Ag Foghlaim ó Thaithí Saoil Príosúnach?,* an 3 Samhain 2020*. I Láthair*

**An Cúigiú Cruinniú Comhchéime de chuid na Gníomhaireachta um Chomhionannas Cirt**

An 16 Meán Fómhair 2020

**Seimineár Gréasáin do Sheoladh an Chreata Cigireachta do Phríosúin in Éirinn**

Imeacht chun an Creat Cigireachta nua a sheoladh, a raibh acadóirí, cleachtóirí idirnáisiúnta agus náisiúnta agus ionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus IPS i láthair ann, an 15 Meán Fómhair 2020.

### Comhdháil de chuid OHCHR agus an Chumainn um Chéastóireacht a Chosc

*Ag Troid i gCoinne Céastóireachta agus Drochíde le linn COVID-19: Fianaise ón Talamh*, an 26 Meitheamh 2020. *I Láthair*

### Seimineár Iontaobhas Zahid Mubarek (ZMT) agus Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (IPRT)

*An Caidreamh idir an tSochaí Shibhialta agus Meicníochtaí Náisiúnta Coisctheacha*, imeacht maidir le hiarrachtaí comhordaithe idir NMPnna agus an tsochaí shibhialta, an 26 Meitheamh 2020. *Rannpháirteach*

### Cruinniú Athbhreithnithe Comhchéime maidir le *An Éifeacht atá ag Clutharú ar Dhaoine i bPríosún a Fheabhsú*

Ag an gcéim dréachtaithe den tuarascáil *An Éifeacht atá ag Clutharú ar Dhaoine i bPríosún a Fheabhsú*, thionóil an Chigireacht cruinniú athbhreithnithe comhchéime maidir leis na chéad torthaí an 25 Meitheamh 2020. D'fhreastail réimse leathan páirtithe leasmhara ar an imeacht seo ó IPS, an saol acadúil agus an tsochaí shóisialta, mar aon le hionadaithe ó Chrois Dhearg na hÉireann, lena n-áirítear oibrí deonach de chuid na Croise Deirge atá faoi choimeád. *Imeacht a ndearna an Chigireacht éascaíocht air.*

### Imeacht Seolta de chuid na Roinne Dlí agus Cirt

Seoladh na Tuarascála Taighde maidir le hAtitimeachas agus Freagraí Beartais, an 17 Bealtaine 2020. *I Láthair*

### Físchomhdháil de chuid an Choiste um Chéastóireacht a Chosc

Imeacht trí chuireadh amháin chun feidhm mhaoirseachta príosúin agus gníomhaíochtaí na Cigireachta le linn COVID-19 a phlé, an 13 Bealtaine 2020. *Rannpháirteach*

### Seimineár Iontaobhas Zahid Mubarek (ZMT) agus Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (IPRT)

*Human Rights and Detention in the time of COVID-19: UK and Ireland*, imeacht ina raibh comhlachtaí maoirseachta agus acadóirí i láthair chun maoirseacht a dhéanamh ar choinneáil le linn COVID-19 a phlé, an 29 Aibreán 2020. *Rannpháirteach*

### Seimineár Gréasáin de chuid na Croise Deirge

Imeacht maidir le COVID-19, an 15 Aibreán 2020. *I Láthair*

### Ceardlann – Príosúin: Riail an Dlí, Cuntasacht agus Cearta (PRILA)

Reáchtáladh ceardlann don tionscadal PRILA, atá bunaithe i Scoil an Dlí, Coláiste na Tríonóide, in éineacht le rannpháirtithe ó CPT, an Fochoiste um Chéastóireacht a Chosc (SPT) agus comhlachtaí maoirseachta eile, ceardlann fhíorúil an 2 Aibreán 2020. *I Láthair*

### Seimineár de chuid an Chumainn um Thaighde agus Forbairt maidir le Ceartas Coiriúil (ACJRD)

Imeacht bunaithe ar thaighde ón tionscadal Acmhainneacht an Phobail a Fhorbairt, an 19 Marta. *I Láthair*

### Bronnadh Céime an Chláir Idirghabhála Piara, Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

Imeacht a reáchtáladh sa phríosún chun aitheantas a thabhairt do chéimithe an Chláir, an 25 Feabhra 2020. *I Láthair*

### Seoladh do Thuarascáil ó Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú (IPRT)

D'fhreastail an Cigire ar an seoladh agus thug sí freagra ar an tuarascáil, *Making Rights Real for People with Disabilities in Prison* an 15 Eanáir 2020. *Freagróir*

## 9.3 Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Leanann Oifig an Chigire Príosún d'oibriú in éineacht agus i gcomhairle lenár bPáirtithe Leasmhara, lena n-áirítear An Roinn Dlí agus Cirt, IPS agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Le linn na bliana 2020, chas Oifig an Chigire Príosún le líon páirtithe agus comhpháirtithe leasmhara chun tuairimí a mhalartú agus caidreamh a fhorbairt.

Rinne an Cigireacht cur i láthair d'Oifigigh Príosún i mbun Earcaíochta trí huaire, i mí Eanáir, mí Aibreáin agus Mí an Mheithimh 2020, maidir le ról agus feidhm Oifig an Chigire Príosún.

Ghlac an Chigireacht páirt i gcruinnithe le:

- Oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt;
- Ard-Stiúrthóir agus Bainistíocht Shinsearach IPS;
- An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA);
- Príosúin: Riail an Dlí, Cuntasacht agus Cearta (PRILA);
- Comhairle um Chearta an Duine;
- Ollscoil Luimnigh, Scoil an Dlí;
- Ollscoil Mhá Nuad, Scoil an Dlí;
- An Chigireacht – An Roinn Oideachais;
- Cúram i ndiaidh Príosúin;
- Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (IPRT);
- Comhordaitheoir an Chláir um Dhaoine den Lucht Siúil i bPríosún;
- Líonra Idirnáisiúnta na gComhlachtaí Maoirseachta;
- An Coiste Eorpach um Chéastóireacht a Chosc (CPT).

## 9.4 Foilseacháin

Rinne an Chigireacht roinnt alt tráchtaireachta a fhorbairt agus a fhoilsiú sa bhliain 2020. Is iad sin:

- P. Gilheaney 'Monatóireacht a Dhéanamh ar Phríosúin le linn na Paindéime COVID-19' (Meitheamh 2020) Sraith Blag PRILA *Ask an Expert*. https://prilatcd.wordpress.com/june-2020/

- P. Gilheaney 'Maoirseacht agus Neamhspleáchas Éifeachtach Príosún in Éirinn (Márta 2020) 4 Líonra ag Oibriú i gComhar: Maoirseacht Sheachtrach Príosún agus Cearta an Duine, 13-17.

# 10 FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH

## 10.1 Faisnéis Airgeadais

Faigheann Oifig an Chigire Príosún maoiniú faoin Vóta Dlí agus Cirt (Vóta 24), a bhfuil an tArd-Rúnaí ina Oifigeach Cuntasaíochta dó. In 2020, fuair an Oifig leithdháileadh buiséid €1.2m. Bhí sábháil €562,000 i gceist ag deireadh na bliana. Bhí an chuid is mó den tsábháil san fho-cheannteideal pá arbh ionann é agus €403,000 agus a bhí ann mar gheall ar an bpróiseas earcaíochta fadréimseach agus gan ach triúr ag glacadh le fostaíocht i mí na Samhna 2020. B'ionann sábháil maidir le caiteachas neamhphá agus €159,000 ós rud é as nach raibh na costais taistil agus cothabhála agus costais neamhphá eile a bhí tuartha i gceist.

| | **Leithdháileadh Buiséid 2020** | **Olltoradh Iarbhír 2020** | **Sábháil (+)<br>Róchaiteachas (-)** |
|---|---|---|---|
| **Pá** | €824,000 | €421,000 | + €403,000 |
| **Neamhphá** | €376,000 | €217,000 | + €159,000 |
| **Iomlán** | €1,200,000 | €638,000 | + €562,000 |

## 10.2 Nochtuithe Cosanta

Ós rud é go bhfuil Oifig an Chigire Príosún ina hoifig fheidhmiúcháin faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt, ghlac an Oifig Beartas um Nochtuithe Cosanta na Roinne mar bheartas dá cuid féin maidir le nochtuithe cosanta san ionad oibre. I gcomhréir le riachtanais maidir le tuairisciú, dearbhaítear nach bhfuarthas aon tuarascálacha um nochtuithe cosanta in 2020.

## 10.3 Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí

Glacann Oifig an Chigire Príosún lena cuid freagrachtaí faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 agus tá sí tiomanta a chinntiú go gcomhlíonann sí iad, a leagann oibleagáid dhearfach ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt, i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna, ar an ngá atá le deireadh a chur le leithcheal, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint. Dá réir sin, in 2020, chuir Oifig an Chigire Príosún an dualgas seo i gcroílár a cuid gníomhaíochtaí.

## 10.4 Rialachas agus Rialuithe Inmheánacha

Oifig reachtúil is ea Oifig an Chigire Príosún a bunaíodh faoi Acht na bPríosún 2007. Is é an tAire Dlí agus Cirt a cheapann an Cigire agus tá sí neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Le linn na bliana 2020, chuaigh an Cigire Príosún i gcomhairle leis an Roinn Dlí agus Cirt chun Comhaontú Maoirseachta a bhunú, de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú (2016). Comhaontaíodh agus Comhaontú an 26 Bealtaine 2020 agus leagtar amach ann an creat leathan rialachais agus cuntasachta ina bhfeidhmíonn an Chigireacht. Sainmhínítear sa Chomhaontú na róil agus freagrachtaí barrthábhachtacha atá mar bhonn faoin gcaidreamh idir an Chigireacht agus an Roinn.

Cuireadh an fhoráil "comhlíonadh nó míniú" den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) i bhfeidhm i leith Oifig an Chigire Príosún. Toisc go dtagann an Oifig faoin Vóta Dlí agus Cirt (Vóta 24), níl a hAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ná a Coiste Iniúchóireachta agus Riosca féin aici. Ní cheanglaítear uirthi Ráitis Bhliantúla Airgeadais a thabhairt ar láimh ach oiread. Tá rochtain ag an Oifig ar fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Riosca na Roinne maidir le nithe rialachais airgeadais. Tuairiscíonn Aonad Bainistíochta Airgeadais na Roinne ar ioncam agus caiteachas na hOifige sna tuarascálacha míosúla bainistíochta uaidh. Caitheann an Cigire súil ar na tuarascálacha míosúla ansin. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go n-údarófar aon chaiteachas de réir bheartais agus nósanna imeachta na Roinne. Comhlíonann an Oifig na hoibleagáidí atá uirthi faoin dlí cánach.

Tá sé de dhualgas ar gach comhlacht poiblí in Éirinn cistí poiblí a láimhseáil go cúramach, agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar airgead aon uair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. Is é an Cód Caiteachais Phoiblí an tacar rialacha agus nósanna imeachta a chinntíonn go gcloítear leis na caighdeáin seo ar fud sheirbhís phoiblí na hÉireann. Chloígh Oifig an Chigire Príosún le gach gné ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.

Síníodh Comhaontú Seirbhíse athnuaite idir Oifig an Chigire Príosún agus Rannán Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta (IM&T) na Roinne Dlí agus Cirt ar an 19 Feabhra 2020. Leagtar amach sa Chomhaontú Seirbhíse na Seirbhísí ICT a chuireann an Rannán IM&T ar fáil d'Oifig an Chigire Príosún. Chomh maith leis sin, síníodh Comhaontú Próiseála Sonraí athnuaite idir an dá pháirtí ar an 19 Feabhra 2020.

Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 go ndéanfar Ráiteas um Rialuithe Inmheánacha (SIC) a sholáthar. Baineann an SIC le gach rialú atá i bhfeidhm in Oifig an Chigire Príosún, lena n-áirítear ceisteanna ICT. Ar an 4 Feabhra 2020, dhearbhaigh an Rannán IM&T sa Roinn Dlí agus Cirt, de réir mar is fearr is eol dóibh agus a chreideann siad, go raibh rialuithe ITC, mar a leagtar amach i Ráiteas Dearbhaithe, i bhfeidhm agus ag feidhmiú go héifeachtach in 2020.

D'fhorbair Oifig an Chigire Córas Bainistíochta Riosca agus Clár Rioscaí gaolmhar a ndéantar a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Leagtar amach sa Chlár Rioscaí na rialuithe reatha maidir rioscaí a mhaolú mar aon le gníomhartha chun rialuithe a fheabhsú. Cuireadh cóip nuashonraithe den Chlár Rioscaí ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt sa bhliain 2020.

Cuireadh gníomhaíocht soláthair na hOifige sa bhliain 2020 i gcrích i gcomhairle le hoifigigh na roinne agus i gcomhréir leis na treoirlínte um sholáthar poiblí.

## 10.5 Saoráil Faisnéise

In 2020, fuair Oifig an Chigire Príosún trí iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Bhain na hiarratais ar fad a fuarthas le faisnéis neamhphearsanta. Deonaíodh iarratas amháin i bpáirt. Faoi dheireadh na bliana, bhí cinntí maidir leis an dá iarratas eile fós le réiteach. Ní dhearnadh achomharc chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise i ndáil le cás ar bith.

# 11 AGUISÍNÍ

## 11.1 Teimpléad Glaonna

**MAOIRSEACHT LE LINN COVID-19 – TEAGMHÁIL LE GOBHARNÓIRÍ PRÍOSÚIN AN DAONRA I GCOITINNE**

**DÁTA**____________________________ **AN TÉ A RINNE AN GLAOCH**______________________________

**PRÍOSÚN** ____________________________

**AN GOBHARNÓIR LENA NDEARNADH TEAGMHÁIL** _________________________

| **Ceisteanna** | **LÍON** | **FREAGRAÍ** |
|---|---|---|
| **An bhfuil difríocht i réim an phríosúin mar gheall ar Covid-19?** | | |
| **Cén t-achar ama lasmuigh den chillín atá ag an daonra i gcoitinne** | | |
| **An bhfaigheann na príosúnaigh ar fad am lasmuigh faoin aer** | | |
| **Rochtain ar cheardlann**<br>• Ionad Aclaíochta<br>• Clós<br>• Léibheann<br>• Áit áineasa<br>• Eile (sonraigh) | | |

**PRÍOSÚNAIGH AR LEITHLIS**

| **AR LEITHLIS** | **LÍON** | **FAISNÉIS BHREISE** |
|---|---|---|
| **Líon na ndaoine ar leithlis** | | |
| **An cúis/cúiseanna go bhfuil siad curtha ar leithlis i.e.**<br>• Cimiú<br>• Coraintín<br>• Clutharaithe<br>• Eile | | |
| **Líon na bpríosúnach a tástáladh do Covid-19?** | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Torthaí?**<br>• Diúltach<br>• Dearfach | | |
| **Torthaí a bhfuiltear ag feitheamh orthu?** | | |
| **Cé na srianta atá i bhfeidhm maidir le doirse na gcillíní a oscailt?** | | |
| **Sonraigh an t-achar ama lasmuigh den chillín agus teacht a bheith ar aer úr gach lá** | | |
| **Má tá sé á chur ar fáil, an mbaineann príosúnaigh leas as am lasmuigh den chillín?**<br>**Má dhiúltaítear, cén chúis/cúiseanna a thugtar?** | | |
| **Cad atá i gceist leis sin**<br>• Aclaíocht sa chlós (an rogha é)?<br>• Léibheann? | | |
| **Conas mar a chuirtear béilí ar fáil?**<br>• Fágtha isteach sa chillín<br>• Ionad Bailithe | | |
| **Conas mar a éascaítear teacht a bheith ar na seirbhísí a leanas?:**<br>• Séiplíneacht<br>• Síceolaíocht<br>• Síciatracht<br>• Tacaíochtaí eile – sonraigh | | |
| **Conas mar a cheadaítear rochtain?**<br>• **Scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm**<br>• **Tríd an doras**<br>• **Tetra**<br>• **Eile (éisteoirí, Samaritans etc** | | |
| **Cé chomh minic is a sheiceáiltear teocht an duine?** | | |
| **Conas mar a chuirtear cógas ar oideas ar fáil do phríosúnaigh?** | | |

| | | |
|---|---|---|
| **An bhfuil teacht acu ar Shiopa Sólaistí? Má tá:**<br>• Minicíocht,<br>• Modh e.g. Mála agus Clib | | |
| **Glaonna gutháin. An bhfuil na glaonna gutháin bunaithe ar leibhéal IR an phríosúnaigh?**<br>• Minicíocht<br>• Conas<br>o Guthán sa chillín | | |
| **Cé na taifid a dhéantar agus a choinnítear maidir leis na daoine atá curtha ar leithlis?** | | |
| **An bhfuil PPE ar fáil :**<br>**An bhfuil sé á úsáid?**<br>**Cad iad na cúinsí ina n-úsáidtear é?** | | |
| **Sonraigh aon socruithe eile a tugadh isteach le linn na paindéime COVID-19?** | | |
| **CÚISEANNA IMNÍ AR BITH?** | | |

**PRÍOSÚNAIGH ATÁ AG CLUTHARÚ**

| CLUTHARAITHE | LÍON TÁ/NÍL | FAISNÉIS BHREISE / SONRAÍ |
|---|---|---|
| **An líon daoine atá clutharaithe**<br>• Léibheann<br>• Sciathán | | |
| **Cén cineál 'am lasmuigh den chillín' a chuirtear ar fáil?** | | |
| **Faigh sonraí**<br>• Cé mhéad ama lasmuigh den chillín a chuirtear ar fáil go laethúil?<br>• Cad atá i gceist le ham lasmuigh den chillín?<br>o Aclaíocht chlóis (an rogha é)<br>o Léibheann<br>o Ionad Aclaíochta<br>o Leabharlann<br>o Seomra Áineasa<br>o Eile | | |
| **Conas mar a chuirtear béilí ar** | | |

| | | |
|---|---|---|
| **fáil?**<br>• Fágtha isteach sa chillín<br>• Bailiú lárnach | | |
| **Conas mar a chuirtear cógas ar oideas ar fáil do phríosúnaigh?** | | |
| **Conas mar a éascaítear teacht a bheith ar na seirbhísí a leanas?:**<br>• Séiplíneacht<br>• Síceolaíocht<br>• Síciatracht<br>• Tacaíochtaí eile – sonraigh | | |
| **Conas mar a cheadaítear idirghníomhú sóisialta?**<br>• Scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm<br>• Tríd an doras<br>• Tetra<br>• Eile (éisteoirí, Samaritans etc | | |
| **Conas mar a éascaítear orduithe don Siopa Sólaistí?**<br>• Minicíocht<br>• Mála agus Clib? | | |
| **An ndéantar éascaíocht ar ghlaonna gutháin?**<br>**Má tá príosúnach ar an réim chaighdeánach nó bhunúsach, an bhfuil sé/sí teoranta don líon céanna glaonna a raibh ar fáil dó/dí roimh chlutharú?**<br>• Minicíocht an ghlao | | |
| **Conas mar a dhéantar agus a choinnítear taifid maidir le daoine atá 'clutharaiathe'** | | |
| **An bhfuil PPE ar fáil má iarrtar?** | | |
| **Cúis imní ar bith?** | | |

## 11.2 I.R. 250/2020 – Rialacha na bPríosún (Leasú), 2020

Foilsíodh fógra san Iris Oifigiúil an 21 Iúil 2020, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 35 d'Acht na bPríosún, 2007 (Uimh. 10 de 2007) (arna oiriúnú leis an Ordú Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2011 (I.R. Uimh. 138 de 2011)), déanaimse, EILÉANA NIC AN tSAOI, Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, leis seo, na rialacha seo a leanas:

1. (1) Rialacha na bPríosún (Leasú), 2020 is teideal do na Rialacha seo.

(2) Rialacha na bPríosún, 2007 go 2020 is teideal do na Rialacha seo agus Rialacha na bPríosún, 2007 go 2018 le chéile.

(3) Tiocfaidh na Rialacha seo i ngníomh an 20 Iúil 2020.

2. Sna Rialacha seo, ciallaíonn "Príomh-Rialacha" Rialacha na bPríosún, 2007 (I.R. Uimh. 252 de 2007).

3. Leasaítear na Príomh-Rialacha tríd an riail seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Riail 32:

"32A (1) I gcás go mbeidh an tArd-Stiúrthóir den tuairim, ag féachaint do chomhairle nó treoirlínte ón Roinn Sláinte nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó moladh ón Stiúrthóir Seirbhísí Cúraim Sláinte do Phríosúnaigh nó dochtúir príosúin, gur gá déanamh amhlaidh chun leathadh galair aicídigh a shonraítear de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus de réir an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, a chosc nó a theorannú laistigh de phríosún, féadfaidh sé nó sí a ordú do Rialtóir an phríosúin sin –

(a) an teideal chuig caitheamh aimsire fisiciúil, cleachtadh coirp nó oiliúint faoi Riail 32 a chur ar fionraí, nó

(b) an teideal chuig caitheamh aimsire fisiciúil, cleachtadh coirp nó oiliúint faoi Riail 32 a shrianadh nó a mhodhnú maidir le minicíocht, ré agus socruithe, ar feadh tréimhse nó tréimhsí sonraithe.

(2) I gcás go mbeidh an Rialtóir den tuairim, ag féachaint do chomhairle nó treoirlínte ón Roinn Sláinte nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó moladh ón Stiúrthóir Seirbhísí Cúraim Sláinte do Phríosúnaigh nó dochtúir príosúin, gur gá déanamh amhlaidh chun leathadh galair aicídigh a shonraítear de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus de réir an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, a chosc nó a theorannú laistigh dá phríosún nó dá príosún, féadfaidh sé nó sí, faoi réir aon ordacháin ón Aire nó ón Ard-Stiúrthóir –

(a) an teideal chuig caitheamh aimsire fisiciúil, cleachtadh coirp nó oiliúint faoi Riail 32 a chur ar fionraí, nó

(b) an teideal chuig caitheamh aimsire fisiciúil, cleachtadh coirp nó oiliúint faoi Riail 32 a shrianadh nó a mhodhnú maidir le minicíocht, ré agus socruithe, ar feadh tréimhse nó tréimhsí sonraithe.".

4. Leasaítear na Príomh-Rialacha tríd an riail seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Riail 36:

"36A (1) I gcás go mbeidh an tArd-Stiúrthóir den tuairim, ag féachaint do chomhairle nó treoirlínte ón Roinn Sláinte nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó moladh ón Stiúrthóir Seirbhísí Cúraim Sláinte do Phríosúnaigh nó dochtúir príosúin, gur gá déanamh amhlaidh chun leathadh galair aicídigh a shonraítear de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus de réir an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, a chosc nó a theorannú laistigh de phríosún, féadfaidh sé nó sí a ordú do Rialtóir an phríosúin sin –

(a) an teideal chuig cuairteanna faoi Riail 35 a chur ar fionraí, nó

(b) an teideal chuig cuairteanna faoi Riail 35 a shrianadh nó a mhodhnú maidir le minicíocht, ré agus socruithe, go háirithe i ndáil le líon agus aois na gcuairteoirí a bheidh ceadaithe cuairteanna a thabhairt, ar feadh tréimhse nó tréimhsí sonraithe.

(2) I gcás go mbeidh an Rialtóir den tuairim, ag féachaint do chomhairle nó treoirlínte ón Roinn Sláinte nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, nó moladh ón Stiúrthóir Seirbhísí Cúraim Sláinte do Phríosúnaigh nó dochtúir príosúin, gur gá déanamh amhlaidh chun leathadh galair aicídigh a shonraítear de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicídeacha (I.R. Uimh. 390 de 1981) agus de réir an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, a chosc nó a theorannú laistigh dá phríosún nó dá príosún, féadfaidh sé nó sí, faoi réir aon ordacháin ón Aire nó ón Ard-Stiúrthóir -

(a) an teideal chuig cuairteanna faoi Riail 35 a chur ar fionraí, nó

(b) an teideal chuig cuairteanna faoi Riail 35 a shrianadh nó a mhodhnú maidir le minicíocht, ré agus socruithe, go háirithe i ndáil le líon agus aois na gcuairteoirí a bheidh ceadaithe cuairteanna a thabhairt, ar feadh tréimhse nó tréimhsí sonraithe.”.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,

16 Iúil, 2020.

EILÉANA NIC AN tSAOI,

Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Leasaítear leis an Ordú seo Rialacha na bPríosún, 2007 (I.R. Uimh. 252 de 2007).

## 11.3 Pleananna Gníomhaíochta IPS mar Fhreagra ar Mholtaí ó Thuarascáil Imscrúdaithe maidir le Bás faoi Choimeád, a foilsíodh in 2020

D'fhoilsigh an Chigireacht deich mBás faoi Choimeád i dtuarascálacha imscrúdaithe in 2020; a raibh gá Pleananna Gníomhaíochta IPS a fhoilsiú ina leith mar fhreagra ar mholtaí a rinne an Chigireacht. Tá pointí gníomhaíochta Phlean Gníomhaíochta IPS ***le stádas leanúnach nó neamhiomlán*** ón tráth a cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire curtha ar fáil thíos mar aon le deimhniú stádais ar an 31 Nollaig 2020. Maidir leis an ocht bPlean Gníomhaíochta, bhí moltaí leanúnacha nó neamhiomlána i gceist le seacht gcinn ag an tráth a tíolacadh an tuarascáil seo.

**Plean Gníomhaíochta IPS, mar aon le nuashonrú maidir le stádas na nGníomhaíochtaí a chuir IPS ar fáil ar an 31 Nollaig 2020, maidir le moltaí a tugadh sa tuarascáil imscrúdaithe i leith na gcúinsí a bhain le bás an Uasail O 2018, a foilsíodh ar an 27 Samhain 2020.**

| **Moladh** | **Gníomhaíocht/Gníomhaíochtaí Riachtanacha** | **Duine/Daoine atá Freagrach** | **Dáta maidir le Críochnú** | **Stádas ar an 31/12/2020** |
|---|---|---|---|---|
| **Moladh 5:**<br>Ba chóir faisnéis maidir le haistrithe seachtracha agus inmheánacha príosúnach a iontráil isteach sa PIMS go comhaimseartha. [cuid 2.39] | Eiseoidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann meabhrúchán chuig gach príosún maidir leis na hoibleagáidí atá orthu gach teagmhas a thaifeadadh agus maidir leis an tábhacht a bhaineann le teagmhais a thaifeadadh go pras agus go cruinn ar pháipéar agus sa chóras leictreonach. | Seirbhísí Corparáideacha | Meán Fómhair 2020 | Iomlán |
| **Moladh 7:**<br>Ba chóir do IPS a chinntiú go mbeidh gach teagmháil inmheánach measúil agus go ndéanfar beart cuí nuair nach mbaintear an caighdeán sin amach. Ba chóir dlús a chur le Cód Eitice a fhorbairt do phearsanra IPS ar fad (bainistíocht shinsearach agus baill foirne sa HQ agus i bpríosúin) lena chríochnú agus a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin chomh luath agus is féidir. | Scaipfear an Cód Eitice nua ar an bhfoireann ar fad faoin 10 Eanáir 2020 in éineacht le fógra ón Ard-Stiúrthóir ina gcuirfear na baill foirne ar an eolas go bhfuil an Cód á chur i bhfeidhm. Tá clár feasachta in éineacht leis á fhorbairt faoi láthair agus cuirfear é ar fáil do na baill foirne ar fad, ag tosú i mí Feabhra 2020. | Seirbhísí Corparáideacha | Feabhra 2020<br>(moill mar gheall ar COVID-19, táthar ag súil é a chríochnú faoi dheireadh na bliana) | Tugadh an t-ábhar dréachta don Chód Eitice chun críche in 2019 agus tá athbhreithniú á dhéanamh air i gcomhair foilsiú.<br><br>Tá plean cumarsáide agus forfheidhmithe á fhorbairt chun tacú leis an doiciméad a fhoilsiú. |
| **Moladh 10:**<br>Ba chóir cruinniú a thionóil maidir le Teagmhas Criticiúil chomh luath agus is féidir i ndiaidh do bhás faoi choimeád tarlú. [codanna 3.3 / 3.4] | Tá Dréachtleabhrán maidir le Teagmhas Criticiúil a Bhainistiú ag an Stiúrthóireacht Oibríochtaí atá á fhorbairt faoi láthair. Cuirfear moladh an Chigire faoi chaibidil sa leabhrán seo. | Oibríochtaí | R3 2020 | Iomlán |
| **Moladh 11:**<br>Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas IPS maidir le Teagmhas Criticiúil agus ba chóir plé a dhéanamh maidir le faisnéisiú fuar a chur san áireamh laistigh de 14 lá ar theagmhas tarlú d'fhonn deis bhreise a thabhairt do gach duine a bhí bainteach, lena n-áirítear príosúnaigh nuair is ábhartha. | Tá Dréachtleabhrán maidir le Teagmhas Criticiúil a Bhainistiú ag an Stiúrthóireacht Oibríochtaí atá á fhorbairt faoi láthair. Cuirfear moladh an Chigire faoi chaibidil sa leabhrán seo. | Oibríochtaí | R3 2020 | Iomlán |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ba chóir foghlaim a aithint a bheith mar aidhm aige, tacú le gach duine a bhí bainteach agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le gníomhartha a aithníodh san fhaisnéisiú te, i.e. an faisnéisiú a dhéantar chomh luath agus is féidir i ndiaidh don teagmhas tarlú. [codanna 3.3 / 3.4] | | | | |

**Plean Gníomhaíochta IPS, mar aon le nuashonrú maidir le stádas na nGníomhaíochtaí a chuir IPS ar fáil ar an 31 Nollaig 2020, maidir le moltaí a tugadh sa tuarascáil imscrúdaithe i leith na gcúinsí a bhain le bás an Uasail I 2018, a foilsíodh ar an 12 Lúnasa 2020**

| **Moladh** | **Gníomhaíocht/Gníomhaíochtaí Riachtanacha** | **Duine/Daoine atá Freagrach** | **Dáta maidir le Críochnú** | **Stádas ar an 31/12/2020** |
|---|---|---|---|---|
| **Moladh 1:** Ba chóir do IPS treoir a thabhairt do na baill foirne ar fad nár mhór go mbeadh a dtaifead i scríbhinn agus a bhfianaise ó bhéal maidir le Básanna faoi Choimeád agus teagmhais shuntasacha eile mionsonraithe go hiomlán agus sainiúil maidir leis na gnéithe fíorasacha ar fad lena n-áirítear amanna agus róil poist. [Réamhrá] | Tabharfaidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann meabhrúchán do na baill foirne ar fad maidir lena gcuid oibleagáidí chun gach teagmhas a thaifeadadh agus maidir leis an tábhacht atá le teagmhais a thaifeadadh go pras agus go cruinn ar na córais páipéir agus leictreonacha araon. | Seirbhísí Corparáideacha | R2 2020 | Iomlán.<br>Chomh maith leis sin, foilsíodh faisnéis agus dea-chleachtas mar threoir ar an inlíon maidir le tuarascálacha a scríobh. |
| **Moladh 3:** Ba chóir do IPS í féin a shásamh maidir le hinniúlacht na mball foirne ar fad a bhaineann leis an gcliseadh seo orduithe an dochtúra a leanúint agus gníomh riachtanach ar bith a dhéanamh lena chinntiú nach dtarlóidh a leithéid arís in aon phríosún. [Alt 2.43] | Reáchtáladh seisiúin faisnéiseacha i ndiaidh an DiC mar chleachtadh foghlama. Ina dhiaidh sin, bunaíodh grúpa Ríomhphoist do bhaill foirne altranais chun atreorú a chur in iúl do na disciplíní ábhartha. Cuireadh an “foirm um Atreorú chuig an ospidéal” i bhfeidhm mar chuid den bheartas agus déantar é sin a tharchur trí ríomhphost chuig an Oifig Sonraí/ Oifig an Cheannaire.<br>*Tá an grúpa ríomhphoist seo le cur i bhfeidhm i ngach príosún.* | An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú | Deireadh mhí an Mheithimh 2020 | Iomlán |
| **Moladh 6:** I bPrótacal IPS maidir le Séiplíneacht agus Neasghaol a Chur ar an Eolas dar dáta 25/05/2017, déantar foráil ag Cuid 2.3 maidir le neasghaol a chur ar an eolas faoi chásanna de thinneas tromchúiseach. Ba chóir do IPS monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phrótacail agus gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh má bhíonn neamhchomhlíonadh i gceist. [Alt 3.18] | Tháinig an grúpa Séiplíneachta le chéile ar an 5 Mean Fómhair 2019, rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas agus moladh roinnt athruithe. Déileálfaidh an tArdséiplíneach nuacheaptha leo seo lena chinntiú go gcuirfear an beartas i bhfeidhm go hiomlán. | An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú | R2 2020 | Iomlán* *Tá an prótacal á chur i bhfeidhm, ach d’fhéadfadh sé a bheith i gceist nach mbeidh Séiplíneach ar fáil láithreach i gcónaí nuair a tharlaíonn básanna lasmuigh de ghnáthuaireanta |
| **Moladh 7:** Ba chóir do IPS an réasúnaíocht seo a leanas a chur i bhfeidhm i gcás Athbhreithnithe maidir le Teagmhas Criticiúil: “Is é an aidhm atá leis deis a chur ar fáil do bhaill foirne agus aon phríosúnaigh a bhí rannpháirteach a gcuid tuairimí a roinnt maidir leis an mbealach inar bainistíodh an cás, mar aon le haon tacaíocht nó foghlaim a d’fhéadfadh a bheith ina chuidiú a aithint.” Dá bharr sin, ba chóir Athbhreithnithe maidir le Teagmhas Criticiúil a eagrú chun éascaíocht a dhéanamh ar dhaoine a raibh páirt | Tá Oibríochtaí i mbun Lámhleabhar do Nósanna Imeachta maidir le Teagmhais Chriticiúla a dhéanamh, ina gclúdófar, inter alia, Pleanáil do Theagmhas Criticiúil, Pleananna Criticiúla a Dhéanamh, nósanna imeachta i ndiaidh teagmhais chriticiúla agus imscrúduithe agus faisnéisiú. | An Stiúrthóireacht Oibríochtaí | Deireadh mhí an Mheithimh 2020 | Iomlán |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| lárnach acu, lena n-áirítear príosúnaigh, cúramóirí agus baill foirne ó ghníomhaireachtaí tacaíochta | | | | |
| **Moladh 8:**<br>Ba chóir go mbeadh miontuairiscí na nAthbhreithnithe maidir le Teagmhas Criticiúil ina léiriú ar phointí agus freagrachtaí gníomhaíochta ionas go dtuigeann gach pearsanra ábhartha an méid atá riachtanach. Tá sé seo fíor go háirithe nuair nár fhreastail na príomhpháirtithe ar an Athbhreithniú. [Alt 3.32] | Tá Oibríochtaí i mbun Lámhleabhar do Nósanna Imeachta maidir le Teagmhais Chriticiúla a dhéanamh, ina gclúdófar, inter alia, Pleanáil do Theagmhas Criticiúil, Pleananna Criticiúla a Dhéanamh, nósanna imeachta i ndiaidh teagmhais chriticiúla agus imscrúduithe agus faisnéisiú. | An Stiúrthóireacht Oibríochtaí | Deireadh mhí an Mheithimh 2020 | Iomlán |
| **Moladh 9:**<br>Ba chóir do IPS a chinntiú go dtugtar tús áite do gach atreorú chuig ospidéal seachtrach nuair a ainmníonn dochtúir iad a bheith "Práinneach". ([Alt 3.35] | Bunaíodh grúpa ríomhphoist lena chinntiú go bhfuil na disciplíní ábhartha ar fad ar an eolas faoin aistriú agus faoin gcreat ama a mholtar. I ndiaidh ríomhphost a eisiúint, cuirtear glaoch ar Oifig an Cheannaire agus chuig an Oifig Sonraí chun an fhaisnéis ábhartha a sheoladh ar aghaidh.<br>*Cuirfear an córas grúpa ríomhphoist seo i bhfeidhm i ngach príosún.* | An Stiúrthóireacht um Chúram agus Athshlánú | Deireadh mhí an Mheithimh 2020 | Iomlán |
| **Moladh 10:**<br>Ba chóir do IPS a chinntiú go ndéantar cúram de gach ball foirne i ndiaidh teagmhais chriticiúil, lena n-áirítear iad sin a bhfuil taithí acu agus a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad ag déileáil go maith leis ag an am. [Alt 3.39] | Ina Phlean Straitéiseach 2019 go dtí 2022, thug IPS gealltanas maidir le Straitéis um Fholláine na Foirne a fhorbairt chun feasacht a ardú i measc na mball foirne faoi fhadhbanna meabhracha, mothúcháin agus fisiceacha agus chun sláinte mhaith fhisiceach agus intinne na bhfostaithe ar fad a chur chun cinn. | An Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna | Leanúnach | Leanúnach |
| **Moladh 11:**<br>Ba chóir do IPS smaoineamh ar 'faisnéisiú fuar' a thabhairt isteach laistigh de 14 lá ar theagmhas criticiúil tarlú chun deis bhreise a thabhairt do gach duine a bhí bainteach, lena n-áirítear príosúnaigh nuair is ábhartha. Ba chóir foghlaim a aithint a bheith mar aidhm aige, tacú le gach duine a bhí bainteach agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le gníomhartha a aithníodh sa 'faisnéisiú te'. [Alt 3.40] | Tá Oibríochtaí i mbun Lámhleabhar do Nósanna Imeachta maidir le Teagmhais Chriticiúla a dhéanamh, ina gclúdófar, inter alia, Pleanáil do Theagmhas Criticiúil, Pleananna Criticiúla a Dhéanamh, nósanna imeachta i ndiaidh teagmhais chriticiúla agus imscrúduithe agus faisnéisiú. | An Stiúrthóireacht Oibríochtaí | Deireadh mhí an Mheithimh 2020 | Iomlán |

## Plean Gníomhaíochta IPS, mar aon le nuashonrú maidir le stádas na nGníomhaíochtaí a chuir IPS ar fáil ar an 31 Nollaig 2020, maidir le moltaí a tugadh sa tuarascáil imscrúdaithe i leith na gcúinsí a bhain le bás an Uasail K 2018, a foilsíodh ar an 10 Lúnasa 2020

| Moladh | Gníomhaíocht/Gníomhaíochtaí Riachtanacha | Duine/Daoine atá Freagrach | Dáta maidir le Críochnú | Stádas ar an 31/12/2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Moladh 8:**<br>Ba chóir do IPS a chonarthaí seachtracha a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus ag baint amach na riachtanais ar fad. Ba chóir tús áite a thabhairt do chonarthaí a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil. | Reáchtálann an Rannán um Sheirbhísí a Fhorbairt den stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát cruinnithe rialta leis an soláthraí seirbhíse don chonradh maidir le CCTV a chothabháil chun déileáil le haon neamhchomhlíonadh / fadhbanna / cláreagrú. Chomh maith leis sin, táthar chun infheistíocht leanúnach a dhéanamh i dteicneolaíocht chun cuidiú le fabhtanna a chur in iúl do bhainisteoirí agus úsáideoirí trí scáileán | An Stiúrthóireacht Eastát | Leanúnach | Leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | luathrabhaidh. | | | |
| **Moladh 9:**<br>Ba chóir faisnéisiú fuar a dhéanamh laistigh de 14 ar an teagmhas tarlú d'fhonn deis bhreise a thabhairt do gach duine a bhí bainteach, lena n-áirítear príosúnaigh nuair is ábhartha. Ba chóir foghlaim a aithint a bheith mar aidhm aige, tacú le gach duine a bhí bainteach agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le gníomhartha a aithníodh san fhaisnéisiú te | Tá Oibríochtaí i mbun Lámhleabhar do Nósanna Imeachta maidir le Teagmhais Chriticiúla a dhéanamh, ina gclúdófar, inter alia, Pleanáil do Theagmhas Criticiúil, Pleananna Criticiúla a Dhéanamh, nósanna imeachta i ndiaidh teagmhais chriticiúla agus imscrúduithe agus faisnéisiú. | Oibríochtaí na Bainistíochta Sinsearaí | Deireadh mhí an Mheithimh 2020 | Iomlán |
| **Moladh 10:**<br>Ba chóir do IPS a chinntiú go ndéantar cúram de gach ball foirne i ndiaidh teagmhais chriticiúil, lena n-áirítear iad sin a bhfuil taithí acu agus a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad ag déileáil go maith leis ag an am. | Ina Phlean Straitéiseach 2019 go dtí 2022, thug IPS gealltanas maidir le Straitéis um Fholláine na Foirne a fhorbairt chun feasacht a ardú i measc na mball foirne faoi fhadhbanna meabhracha, mothúcháin agus fisiceacha agus chun sláinte mhaith fhisiceach agus intinne na bhfostaithe ar fad a chur chun cinn | Stiúrthóireacht HR | Leanúnach | Leanúnach |

**Plean Gníomhaíochta IPS, mar aon le nuashonrú maidir le stádas na nGníomhaíochtaí a chuir IPS ar fáil ar an 31 Nollaig 2020, maidir le moltaí a tugadh sa tuarascáil imscrúdaithe i leith na gcúinsí a bhain le bás an Uasail H 2018, a foilsíodh ar an 29 Iúil 2020**

| Moladh | Gníomhaíocht/Gníomhaíochtaí Riachtanacha | Duine/Daoine atá Freagrach | Dáta maidir le Críochnú | Stádas ar an 31/12/2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Moladh 1:**<br>Ba chóir do IPS a chinntiú go n-aithnítear fíricí suntasacha i miontuairiscí cruinnithe tábhachtacha, ar nós Athbhreithnithe ar Theagmhais Chriticiúla. Fíricí ar nós dátaí, amanna, róil agus freagrachtaí mar aon le pearsanra nach raibh i láthair, in éineacht le míniúcháin. Ba chóir freagracht agus amscalaí a leithdháileadh mar chuid de na moltaí. | Tá Dréachtleabhrán maidir le Teagmhas Criticiúil a Bhainistiú ag an Stiúrthóireacht Oibríochtaí atá á fhorbairt faoi láthair. Cuirfear moladh an Chigire faoi chaibidil sa leabhrán seo. | An Stiúrthóireacht Oibríochtaí | Deireadh mhí an Mheithimh 2020 | Iomlán |
| **Moladh 2:**<br>Tionóltar 'faisnéisiú te' i ndiaidh teagmhais chriticiúil ar bhonn custaim agus cleachtais. Dá bharr sin, ba chóir do IPS tús áite a thabhairt do Bheartas maidir le Teagmhas Criticiúil a fhorbairt d'fhonn comhsheasmhacht maidir le cur chuige a chinntiú i ngach príosún. Ba chóir go n-áireofaí faisnéisithe i ndiaidh teagmhas criticiúil leis an mbeartas (agus gan a bheith teoranta dó). Chomh maith le 'faisnéisiú te' (ar an lá nó oíche a tharlaíonn an teagmhas de réir mar is infheidhme) ba chóir smaoineamh ar fhaisnéisiú fuar a thabhairt isteach laistigh de 14 lá ar theagmhas criticiúil tarlú chun deis bhreise a thabhairt do gach duine a bhí bainteach, lena n-áirítear príosúnaigh nuair is ábhartha. Ba chóir foghlaim a aithint a bheith mar aidhm aige, tacú le gach duine a bhí bainteach agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le gníomhartha a aithníodh san fhaisnéisiú te'. | Tá Dréachtleabhrán maidir le Teagmhas Criticiúil a Bhainistiú ag an Stiúrthóireacht Oibríochtaí atá á fhorbairt faoi láthair. Cuirfear moladh an Chigire faoi chaibidil sa leabhrán seo. | An Stiúrthóireacht Oibríochtaí | Deireadh mhí an Mheithimh 2020 | Iomlán |

**Plean Gníomhaíochta IPS, mar aon le nuashonrú maidir le stádas na nGníomhaíochtaí a chuir IPS ar fáil ar an 31 Nollaig 2020, maidir le moltaí a tugadh sa tuarascáil imscrúdaithe i leith na gcúinsí a bhain le bás an Uasail P 2018, a foilsíodh ar an 8 Bealtaine 2020**

| Moladh | Gníomhaíocht/Gníomhaíochtaí Riachtanacha | Duine/Daoine atá Freagrach | Dáta maidir le Críochnú | Stádas ar an 31/12/2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Moladh 1:** Ba chóir do IPS smaoineamh ar bheartas a thabhairt isteach ina mbeadh ar phríosúnach cead i scríbhinn a thabhairt maidir lena mian gan a bheith athbheoite a dhearbhú. Ba chóir cosaint cuí a chur i bhfeidhm lena chinntiú go dtugtar cead dá leithéid go hiomlán ar an eolas agus go toilteanach. | Tá IPS i mbun Beartas maidir le Cúram Deireadh Saoil ina gcuirtear an tsaincheist maidir le hathbheochan san áireamh de réir mar is cuí. Tugtar deiseanna do phríosúnaigh réamhphleanáil a dhéanamh ina gcuirtear faisnéis chuí ar fáil do gach aon phríosúnach chun cinntí eolasacha a dhéanamh agus ina dtugtar tacaíocht ó dhuine a thuigeann castachtaí an phróisis mar aon le himpleachtaí cliniciúla na gcinntí. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go bhfuil gairmithe cúraim sláinte in IPS faoi réir na dTreoirlínte maidir le Cúram Deireadh Saoil freisin de réir mar atá leagtha síos ag a gComhlachtaí Gairme. | John Devlin, Ceannasaí Cliniciúil IPS | R1 2020 | Dréachtaíodh an Beartas maidir le Cúram Deireadh Saoil agus tá sé curtha i gcúrsaíocht lena cheadú |

**Plean Gníomhaíochta IPS, mar aon le nuashonrú maidir le stádas na nGníomhaíochtaí a chuir IPS ar fáil ar an 31 Nollaig 2020, maidir le moltaí a tugadh sa tuarascáil imscrúdaithe i leith na gcúinsí a bhain le bás an Uasail A 2018, a foilsíodh ar an 8 Eanáir 2020**

| Moladh | Gníomhaíocht/Gníomhaíochtaí Riachtanacha | Duine/Daoine atá Freagrach | Dáta maidir le Críochnú | Stádas ar an 31/12/2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Moladh 1:** Nuair atá oifigigh i mbun príosúnaigh a dhíghlasáil i ndiaidh tréimhsí de shiarghlasáil, ba chóir dóibh cumarsáid a dhéanamh ó bhéal leis an bpríosúnach lena chinntiú go bhfaighidh siad freagra ó bhéal agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil sé/sí go maith agus nach bhfuil cóir leighis uathu. | Le cur i láthair SPG an 18/19 Meán Fómhair chun praiticiúlacht agus forfheidhmiú a phlé. | An Stiúrthóir Oibríochtaí | Lena phlé an 18/19 Meán Fómhair | Iomlán |

**Plean Gníomhaíochta IPS, mar aon le nuashonrú maidir le stádas na nGníomhaíochtaí a chuir IPS ar fáil ar an 31 Nollaig 2020, maidir le moltaí a tugadh sa tuarascáil imscrúdaithe i leith na gcúinsí a bhain le bás an Uasail N 2018, a foilsíodh ar an 8 Eanáir 2020**

| Moladh | Gníomhaíocht/Gníomhaíochtaí Riachtanacha | Duine/Daoine atá Freagrach | Dáta maidir le Críochnú | Stádas ar an 31/12/2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Moladh 1:** Ba chóir do IPS smaoineamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt do An Garda Síochána maidir le daoine ar deonaíodh RTR dóibh agus a chinntiú go gcuirfear na nósanna imeachta comhaontaithe i bhfeidhm. | Tá cruinniú le An Garda Síochána socruithe ag IPS don 22 Samhain (2018) agus tá sé i gceist againn an moladh seo a phlé go mion mar chuid den chruinniú seo. | Bainistíocht Shinsearach IPS/ An Garda Síochána | Cuirfear an creat ama in iúl i ndiaidh cainteanna le An Garda Síochána | Iomlán |